

**CEISTNEOIR DON CHOIMISINÉIR AINMNITHE****Olivér VÁRHELYI****Sláinte agus Leas Ainmhithe****1. Inniúlacht ghinearálta, tiomantas don Eoraip agus neamhspleáchas pearsanta**

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeiféá freagrach as? Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí? Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt don Pharlaimint, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint den tsli a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

*Cad iad na gnéithe de do chuid cáilíochtaí pearsanta agus de do thaithí atá thar a bheith ábhartha chun go bhféadfá dul i gceann poist mar Choimisinéir agus chun go bhféadfá leas ginearálta na hEorpa a chur chun cinn, go háirithe sa réimse a mbeiféá freagrach as?*

Tá mo ghairmréim iomlán tiomanta don Aontas Eorpach a neartú – trí oibriú ar lánpháirtiú inmheánach an Aontais a dhoimhniú ach freisin trí chaidreamh le comharsanacht dhíreach an Aontais a chur chun cinn agus trí thacú le tíortha is iarrthóirí/tíortha is iarrthóirí ionchasacha ar a gconair i dtreo an Aontais.

Sula ndeachaigh mé isteach sa Choimisiún Eorpach mar Choimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú in 2019, chaith mé mo ghairmréim ghairmiúil iomlán mar státseirbhíseach ag obair chun an lánpháirtiú Eorpach a chur chun cinn. Le linn na tréimhse sin, fuair mé tuiscint agus eolas domhain ar phróisis chinnteoireachta an Aontais agus ar bheartais earnálacha éagsúla an Aontais, lena n-áirítear beartas sláinte agus rialacha maidir le leas ainmhithe.

Chruthaigh mé mo chuid scileanna freisin maidir le leas ginearálta an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn, agus mé ag feidhmiú mar Cheann Aonaid sa Choimisiún Eorpach nuair a cruthaíodh an phaitinn aonadach Eorpach i gceann an dara comhar feabhsaithe san Aontas. Le linn na tréimhse sin, bhí mé freagrach as cearta maoinne intleachtúla earnálacha éagsúla a fhorbairt agus a chosaint, an earnáil cógaisíochta san áireamh, as buntáiste iomaíoch an Aontais a neartú agus as cothrom iomaíochta a áirithiú ó thaobh ár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta de.

Le linn mo ghairm bheatha i riarachán poiblí na hUngáire - bíodh sin mar Cheann na Seirbhíse Dlí i Misean Eorpach na hUngáire nó mar Leas-Bhuanionadaí i mBuanionadaíocht na hUngáire chuig an Aontas Eorpach, bhí deis agam a bheith ag obair ar shainchomhaid a bhí íogair ó thaobh na polaitíochta, na heacnamaíochta agus an airgeadais de agus a bhain leis an tsláinte agus le hearnáil an bhia, inter alia an reachtaíocht chógaisíochta ghinearálta agus a hathbheithniú in 2003, an Rialachán maidir le feistí leighis, an Treoir maidir le Táirgí Tobac agus an Treoir maidir leis an bhféidearthacht atá ann do na Ballstáit saothrú OGManna a shrianadh nó a thoirmeasc ina gcríoch ('An Treoir maidir le OGManna').

Tar éis dom dul isteach sa Choimisiún Eorpach in 2019, bhí sé d'onóir agam fónamh don Aontas mar an Coimisinéir Eorpach um an gComharsanacht agus um Méadú. Le linn na tréimhse sin, thug mé freagairt an Aontais chun cinn go gníomhach ar go leor dúshlán gan choinne, dúshlán a rinne athmhúnlú ar an tírdhreach geopholaitiúil san Eoraip agus ar fud an domhain. Cuid thábhachtach de mo chuid oibre is ea tacaíocht do na Balcáin Thiar agus do chomharsanacht an Aontais a áirithiú tar éis phaindéim COVID-19. Chuige sin, tá cuspóir an chúnaimh atá ann cheana athraithe againn chun freastal ar na riachtanais is práinní, lena n-áirítear seachadadh vacsaíní, an teiripic,

agus trealamh cosanta, etc. Chomh maith leis sin, tá béim níos láidre leagtha againn ar chórais sláinte atá níos athléimní a fhorbairt agus ar reachtaíocht ábhartha a ailíniú le rialacha an Aontais. Ar an iomlán, i ngach ceann de mo chuid sainchúraimí, tá os cionn EUR 8,1 billiún slógtha againn sna tréimhsí cinniúnacha sin.

Mar shampla, maidir leis an Úcráin, i mí Feabhra 2022, chuir an Coimisiún Eorpach deontas EUR 120 milliún ar fáil mar thacaíocht bhuiséadach chun cabhrú leis an rialtas ullmhacht le haghaidh tréimhsí géarchéimeanna sibhialta agus a nós imeachta bainistíochta ar an leibhéal lárnach agus ar an leibhéal áitiúil a neartú. Chuidigh sé sin le seirbhísí bunúsacha a sholáthar go leanúnach, cúnaimh leighis do na saoránaigh is leochailí san áireamh. Thairis sin, chuir an Coimisiún EUR 12 mhilliún ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí gaolmhara chun tacú le dearadh agus cur chun feidhme an athchóirithe ar chúram leanaí agus chun rochtain ar chúram faoi leith i gcás tráma do leanaí a neartú. Leathnaíomar ár gcomhpháirtíocht le Clár Forbartha na Náisiún Aontaithe tríd an gclár EU4Recovery (EUR 35 mhilliún), clár lena ndírítear ar sheirbhísí poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar, lena n-áirítear cúram sláinte i bpobail ar an líne thosaigh agus na pobail atá cóngarach leo. Leabaíodh infheistíochtaí chun córas cúraim sláinte poiblí na hÚcráine a fheabhsú sa tSaoráid don Úcráin - saoráid a leanfaidh de thacaíocht a thabhairt don Úcráin sna blianta amach romhainn.

Creidim go daingean dá láidre comharsana an Aontais, is ea is láidre an tAontas é féin. Dá bhrí sin, ó thús thréimhse mo shainordaithe, mar Chomhalta den Cholaiste, tá bearta déanta agam chun tacú le forbairt shocheacnamaíoch na dtíortha atá faoi mo shainchúram. Agus aird á tabhairt ar an méid sin, sheolamar na Pleananna Eacnamaíoch agus Infheistíochta do na Balcáin Thiar, do Chomharsanacht an Oirthir agus do Chomharsanacht an Deiscirt. Is údar bróid dom é a rá gur as an sprioc € 77 mbilliún d'infheistíochtaí slógtha faoi 2027, ag deireadh mo théarma, bhíomar chun tosaigh ar an sceideal, le € 54,68 billiún d'infheistíochtaí slógtha, suim atá os cionn 70 % den sprioc le haghaidh 2027. Is tuar dóchais é sin agus uailmhian Threoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí Coimisiún Infheistíochta a dhéanamh de Choimisiún 2024-29. Thairis sin, laistigh de na cláir sin, rinneamar an cúram sláinte a phríomhshruthú mar phríomhearnáil forbartha sna trí réigiún uile, rud a fhágann go bhfuil sciar na tacaíochta do ghníomhaíochtaí a bhaineann le cúram sláinte méadaithe ón EUR 579 milliún a bhí ann sna trí bliana dheireanacha den chreat airgeadais ilbhliantúil roimhe sin (2018-2020) go dtí os cionn EUR 696 mhilliún (2021-2023), is é sin méadú 17 %. Clúdaíodh leis an maoiniú sin líon leathan gníomhaíochtaí, mar shampla, tacaíocht a thabhairt do rochtain ar lárionaid cúraim sláinte agus pobail leochaileacha i dtíortha ar nós na Liobáine a vacsaíniú, agus córas cúraim sláinte níos freagrúla a chumasú sna Balcáin Thiar, áit inarbh fhéidir tacaíocht ón Aontas a chur ar fáil den chéad uair do bhonneagar cúraim sláinte bunúsach agus meánleibhéil, agus mar shampla an tOspidéal Péidiatraiceach nua i mBéalgrád, saoráid cheannródaíoch ardcháilíochta sna Balcáin Thiar. Chomh maith leis sin, chuamar i ngleic leis an mbochtaineacht ilghnéitheach i gceantair thuaithe gan phribhléid san Éigipt, trí fheabhas a chur ar acmhainneachtaí monaraíochta agus ar rochtain ar chórais, vacsaíní san áireamh, agus ar theicneolaíochtaí sláinte eile. Thacaíomar freisin le caighdeán an chúraim sláinte agus rochtain ar an gcúram sin do dhéanaithe sa Tuirc, agus chuireamar tacaíocht ar fáil do bhonneagar sláinte agus oideachais díreach tar éis don chrith talún tarlú.

*Conas a rannchuideoidh tú le treoirlínte polaitiúla an Choimisiúin a chur chun feidhme?*

Tacaím go hiomlán le fíis an Uachtaráin thoghaí mar a leagtar amach sna Treoirlínte Polaitiúla: fíis le haghaidh Eoraip níos láidre lena soláthraítear rathúnas agus iomaíochas inbhuanaithe, Eoraip a chosnaíonn daoine agus ár gcáilíocht saoil, Eoraip a chosnaíonn an daonlathas agus a bhaineann amach an chothroime shóisialta.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, tá sé beartaithe agam gach iarracht is gá a dhéanamh chun an tAontas Sláinte Eorpach a chur i gcrích, chun athléimneacht, slándáil, cáilíocht agus inbhuanaitheacht na gcórais sláinte a chothú chun sláinte ár saoránach a chosaint ar bhagairtí sláinte agus chun sláinte choisctheach agus stíleanna maireachtála sláintiúla a chur chun cinn.

Is é an nasc atá ann idir daoine, ainmhithe, plandaí agus an comhshaol a bheidh ina threoir do mo chuid oibre faoi chur chuige na hAon Sláinte Amháin.

Díreoidh mé ar chumhacht nuálaíochta a dhéanamh den Aontas a chuireann córais agus cóireálacha nuálacha inacmhainne ar fáil dá saoránaigh, agus a sheasann leis na hardchaighdeáin atá againn maidir le sábháilteacht bia agus leas ainmhithe. Cinnteoidh mé go ndéanfar Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí a chur chun feidhme go cuí i ngach réimse freagrachtaí a sannfar dom.

Níl aon ghluacadh le hionsaithe bogearraí éirice a dhéantar ar ospidéal agus ar chórais cúraim sláinte. Oibreoidh mé le páirtithe leasmhara i réimse na sláinte digítí ar mhaithe le bealaí a shainathint chun bagairtí cibearshlándála a bhrath agus a chosc agus chun freagairt dóibh. I gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht

Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, ullmhóimid plean Eorpach um chibearshlándáil ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte sna chéad 100 lá de thréimhse an tsainordaithe.

Tuigim go rímhaith an gá atá le borradh a chur faoinár n-iomaíochas, ag cur lenár samhail shocheacnamaíoch uathúil. Ní mór dúinn díriú ar phríomhearnálacha straitéiseacha inar féidir leis an Eoraip buntáiste iomaíoch a fhorbairt, mar shampla sa bhith-theicneolaíocht (agus obair a dhéanamh ar Gníomh Eorpach nua um an mBith-theicneolaíocht) agus sonraí sláinte, lena n-áirítear an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chur chun feidhme. Oibreoidh mé chun go gcuirfean an Athchóiriú Cógaisíochta i gcrích trí thacú le comhreachtóirí an chothromaíoch chearta a bhaint amach idir an borradh nuálaíochta a bhfuil géarghá leis, agus an inrochtaineacht ar chóigais, chomh maith le hinfhaighteacht agus inacmhainneacht na gcógais leighis sin, rud a bhfuil súil ag ár saoránaigh leis. Cuirfidh mé dlús le cur chun feidhme an chreata reatha atá ann faoi láthair maidir le feistí leighis agus déanfaidh mé measúnú ar an ngá atá le hathruithe reachtacha a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo.

Trí Ghníomh um Chóigais Chriticiúla rachaidh mé i ngleic leis na rioscaí eindéimeacha a bhaineann le ganntanais cógas criticiúil agus feistí leighis criticiúla, agus déanfaidh mé na spleáchais a laghdú. Ag cur leis an taithí a fuarthas le linn phaindéim COVID-19, neartóidh mé ár n-ollstruchtúr slándála sláinte a thuilleadh agus cinnteoidh mé go mbeidh an Eoraip ullamh agus dea-fheistithe chun freagairt do bhagairtí sláinte a bheidh ann amach anseo.

Mar a cuireadh de chúram orm sa litir mhisin a chuir Uachtarán toghaí von der Leyen chugam, cuirfidh mé dlús lenár gcuid oibre ar chúram sláinte coisctheach, chun cur chuige cuimsitheach maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc do dhaoine ar feadh an tsaoil a chinntiú. Trí infheistíocht a dhéanamh i gcosc éifeachtach, is féidir na huirlisí cearta a chur ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshlán den sórt sin, ualach na ngalar neamhtheagmhálach a laghdú, tacú le fad saoil sláintiúil agus an t-ualach ar chórais cúraim sláinte a mhaolú.

Mar chuid den obair ar chúram sláinte coisctheach agus mar a d'fhógair an tUachtarán toghaí, molfaidh mé athbhreithniú ar an Treoir um Tháirgí Tobac, tar éis don mheastóireacht leanúnach a bheith curtha i gcrích. Ba cheart an úsáid a bhaintear as táirgí tobac atá ag teacht chun cinn a bheith ina príomhfhócas san athbhreithniú ar an treoir.

Tá an mheabhairshláinte ar chlár oibre an Choimisiúin, agus cuireadh 20 tionscnamh suaitheanta i láthair in 2023 mar chuid de. Leanfaidh mé de na tionscnaimh sin a chur chun feidhme in éineacht leis na Ballstáit agus na páirtithe leasmhara. Tabharfaidh mé aird ar leith ar mheabhairshláinte leanaí agus daoine óga. Oibreoidh mé i gcomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas agus le Comhaltaí eile den Choimisiún ar fhiosrúchán ar thionchair na meán sóisialta ar leanaí agus ar fholláine daoine óga.

Déanfaidh mé mo sheacht ndícheall chun dul i ngleic leis na rioscaí ollmhóra a bhaineann leis an bhfrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha, ag cur lenár gcuid oibre leis na Ballstáit agus á forbairt tuilleadh ar mhaithe le spriocanna 2030 a bhaint amach trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin.

Tá ár gcaighdeáin sábháilteachta bia agus leasa ainmhithe ar na caighdeáin is airde ar domhan: Leanfaidh mé dár reachtaíocht a nuachóiriú de réir a chéile, ar bhonn na heolaíochta is déanaí, agus cothromaíocht a bhaint amach idir an inbhuanaitheacht, an eitic agus an réaltacht eacnamaíoch, agus déanfaidh mé iomaíochas ár bhfeirmeoirí agus ionchais ár saoránach a chosaint san am céanna. Oibreoidh mé leis na Ballstáit chun cothrom iomaíochta a bhaint amach sa mhargadh inmheánach agus go hidirnáisiúnta, i gcomhréir le rialacha trádála.

Agus ar deireadh, cinnteoidh mé nach bhfágfaidh mo chuid beartas aon duine ar lár, go cruthóidh mé dálaí a fhágfaidh córas sláinte agus córas leasa ainmhithe atá fíorchuimsitheach agus a fhreastalóidh go cothrom ar riachtanais daoine agus ainmhithe.

*Conas a chuirfidh tú príomhshruthú inscne chun feidhme agus conas a chomhtháthóidh tú gné na hinscne i ngach réimse beartais de do shainchúraimí?*

Is bunluach de chuid an Aontais é an comhionannas idir mná agus fir, bunluach a chumhdaítear sna Conarthaí. Le linn thréimhse mo shainordaithe reatha, bhí mé an-tiomanta don chomhionannas inscne agus do chumhachtú na mban agus na gcailíní a neartú sna réigiúin Chomharsanachta agus Mhéadaithe, i gcomhréir leis an Straitéis um Chomhionannas Inscne agus le Plean Gníomhaíochta III an Aontais maidir le hInscne. Go háirithe, ba é an aidhm a bhí ann gur cheart comhtháthú ghné na hinscne agus tacaíocht leis an gcomhionannas inscne a bheith ag baint le gach cúnaimh airgeadais atá faoi mo shainchúram - ar fud na n-earnálacha uile.

Ba chúis bhróid dom a bheadh ann an deis a thapú leanúint de bheith ag fónamh faoin gcéad Uachtarán mná ar an gCoimisiún Eorpach le príomhshruthú inscne a chur chun cinn agus gné na hinscne a chomhtháthú i réimse na sláinte agus an leasa ainmhithe.

Thairis sin, tá iarrachtaí suntasacha déanta agam agus tá torthaí nithiúla bainte amach agam maidir leis an gcomhionannas inscne a neartú laistigh den Choimisiún Eorpach, seirbhísí atá faoi mo chúram ina measc sin, faoi mar a gheall mé i mo fhreagra i scríbhinn ar Pharlaimint na hEorpa siar in 2019: an 1 Nollaig 2019, ba é 33 % sciar na mbainisteoirí sinsearach ar mná iad san Ard-Stiúrthóireacht um Beartas Comharsanachta agus Caibidlíocht maidir le Méadú (AS NEAR) agus i measc meánbainisteoirí is 39 % an sciar a bhí ann, dhá fhigiúir atá faoi bhun mheán an Choimisiúin Eorpaigh. Faoi 2024, tá feabhas suntasach tagtha ar an staid sin i bhfianaise go bhfuil céatadán na mbainisteoirí sinsearach ar mná iad ardaithe go 56 %, agus i measc meánbainisteoirí tá an figiúr sin ardaithe go 54 %, céatadán atá os cionn mheán an Choimisiúin Eorpaigh araon.

Chun cur leis an méid atá bainte amach ansin, tá sé beartaithe agam an comhionannas inscne a chur chun cinn amach anseo, i gcomhréir leis na Treoirí Polaitiúla do Choimisiún Eorpach 2024-2029.

*Conas a chuirfidh tú príomhshruthú na hóige chun feidhme?*

Le 5 bliana anuas, rinne mé cinnte de go bhfuair daoine óga tacaíocht ina gcuid iarrachtaí agus go raibh an tacaíocht sin ina gné thrasearnálach dár gcaidreamh le tíortha comhpháirtíochta agus dár gcúnamh do na tíortha sin.

Laistigh de chreat Bhliain Eorpach na hÓige 2022, ghlacamar páirt i bhforbairt agus i gcur chun feidhme an chéad chreata beartais riamh maidir le comhpháirtíocht straitéiseach le daoine óga ar fud an domhain, dar teideal an Plean Gníomhaíochta don Óige i ngníomhaíocht sheachtrach an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2022-2027. Sa chomhthéacs sin, rinneamar na cláir seo a leanas a neartú: an clár ‘Young Mediterranean Voices’ a thacaíonn le comhar idir daoine óga ar an dá thaobh den Mheánmhuir i ngnóthaí poiblí agus i dtionscnaimh chlaochlaitheacha áitiúla agus réigiúnacha; an clár Erasmus+ a thacaíonn le fothú acmhainneachta i réimse na hóige sna Balcáin Thiar agus sa Mheánmhuir Theas; an clár EU4Youth lena gcothaítear rannpháirtíocht agus ceannaireacht na hóige i gceapadh beartas i gComhpháirtíocht an Oirthir, go háirithe san Úcráin, agus i líonra na nAmbasadóirí Óga Eorpacha sna Balcáin Thiar agus i gComhpháirtíocht an Oirthir agus Ambasadóirí Dea-thola i gComharsanacht an Deiscirt.

Maidir le sláinte, meabhairshláinte agus folláine na hóige: chinneamar córais sláinte a neartú (dul i ngleic le neamhionannas agus dul chun cinn a dhéanamh i dtreo clúdach sláinte uilíoch) agus tacú le seirbhísí sláinte cuimsitheacha sábháilte atá fabhrach do leanaí agus don óige, lena n-áirítear seirbhísí meabhairshláinte agus seirbhísí sláinte digítí inár dtíortha comhpháirtíochta. Chomh maith leis an iliomad imeachtaí réigiúnacha, le linn Bhliain na hÓige, tháinig níos mó ná 150 mac léinn ó na trí réigiún sin ar cuairt chun na Bruiséile chun Bliain Eorpach na hÓige a cheiliúradh.

Le linn thréimhse mo shainordaithe idir 2021 agus 2023, gealladh os cionn EUR 966 mhiliún do ghníomhaíochtaí don óige, méid atá 60 % níos airde i gcomparáid leis na 3 bliana roimhe sin (EUR 594 mhiliún le haghaidh 2018-2020). Ar na gníomhaíochtaí sin tá, mar shampla, feabhas a chur ar an mbonneagar oideachais i Montainéagró, óige na Cosaive a chumhachtú tríd an gclár ‘foghlaim trí thaithí’, an t-oideachas ar ardchaighdeán a mhéadú do leanaí leochaileacha agus don óige leochaileach san Iordáin agus sa Liobáin, nó tacú le scoileanna sa Túinéis a bheith glas agus oiriúnach go digiteach, tacú le fiontraíocht i measc na hóige tríd an gclár Erasmus le haghaidh Fiontraíthe Óga nó tríd an sásra Fostaíochta agus fiontraíochta de chuid EU4Youth. Thacaíomar freisin le cláir fostaíochta don óige sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin, agus leis an gClár ‘EU4Schools’ tá 57 saoráid oideachais críochnaithe againn cheana agus feabhas curtha ar dhálaí oideachais do thart ar 25 000 mac léinn, leanbh agus múinteoir san Albáin, tar éis an chreatha talún thubaistigh in 2019. San Úcráin, táimid ag tacú le hatógáil agus athshlánú na scolaíochta ar fud na hÚcráine (EUR 100 milliún).

Thairis sin, measaim go bhfuil sé ríthábhachtach tuairimí daoine óga ó thíortha comhpháirtíochta a lorg agus a chur san áireamh go gníomhach agus ár mbeartais á gceapadh againn, agus ní hamháin tuairimí daoine óga san Aontas. Bhí mé i gcónaí ar fáil don ghlúin óg. Le linn mo thréimhse mo shainordaithe, bhí deis agam bualadh le go leor grúpaí de dhaoine óga agus mic léinn ó réigiúin um méadú an Aontais agus ó réigiúin chomharsanachta – bíodh sin trí chuairteanna a thabhairt ar shaotharlanna óige, ar shaoráidí bonneagair TF, ar scoileanna, ar ospidéal etc. nó na grúpaí sin a óstáil sa Berlaymont.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, mar Choimisinéir um Shláinte agus um Leas Ainmhithe, leanfaidh mé den chur chuige céanna chun a áirithiú go mbeidh na cinní a dhéanfaimid marthanach agus slán i bhfad na hamsire. Ar an

gcéad dul síos, reáchtálfaidh mé an chéad Idirphlé Beartais leis an Aos Óg laistigh den chéad 100 lá i gcomhréir i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam.. Díreoidh mé freisin ar thionchar na meán sóisialta agus an iomarca ama scáileáin ar dhaoine, agus béim ar leith á leagan ar dhaoine óga agus ar a bhfolláine agus a meabhairshláinte, i gcomhréir leis an litir mhisin a cuireadh chugam freisin. Measaim go bhfuil sé ríthábhachtach díriú ar an gcuid choisctheach den bheartas sláinte don óige mar infheistíocht fhadtéarmach ina dtodhchaí.

*Cad iad na ráthaíochtaí neamhspleáchais atá tú in ann a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa, agus cén chaoi a gcinnteofá nach ndéanfadh aon ghníomhaíochtaí a rinne tú roimhe seo, atá ar siúl anois agat nó a bheidh ar siúl amach anseo agat, an bonn a bhaint den tslí a gcomhlíonfaidh tú do chuid dualgas sa Choimisiún?*

Is é an oibleagáid a bheidh orm leanúint ag comhlíonadh na gcaighdeán eiteiciúil is airde agus na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 17(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE) agus in Airteagal 245 agus 339 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus sa Chód Iompair do Choimisinéirí.

Tá mo dhearbhu leasanna líonta isteach agus tá rochtain ag an bpobal air agus leasóidh mé é má thagann athrú ar chúrsaí. Seachnóidh mé freisin aon chás ina bhféadfaí amhras a chaitheamh ar mo neamhchlaontacht agus mo neamhspleáchas agus cuirfidh mé Uachtarán an Choimisiúin ar an eolas faoi aon chás a bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ag baint leis.

Comhlíonfaidh mé na hoibleagáidí trédhearcachta maidir le cúrsaí a bhaineann le ceapadh agus cur chun feidhme bheartais an Aontais, mar a leagtar amach sa Chód Iompair, a mhéid a bhaineann le bualadh leis na heagraíochtaí gairmiúla/na hionadaithe sainleasa nó na daoine féinfhostaithe sin atá cláraithe sa Chlár Trédhearcachta, agus leo siúd amháin.

Mar atá déanta agam le 5 bliana anuas, leanfaidh mé ag foilsiú na faisnéise faoi mo chostais taistil, agus cuirfidh mé in iúl an aidhm agus an cuspóir atá leis an taisteal sin a dhéanamh trí ghrianghraif/físeáin agus trí na meáin/na meáin shóisialta.

Chun tacú le trédhearcacht dhíreach agus le grinnscrúdú an phobail, foilseoidh mé go cuí i gcónaí mo chruinnithe uile ar shuíomhanna féilire oifigiúla an Choimisiúin Eorpaigh. Foilseoidh mé i gcónaí mo chuid óráidí agus ráiteas poiblí go léir ar mo leathanach baile oifigiúil ar lá a gcur i láthair.

Comhlíonfaidh mé na hoibleagáidí eiteiciúla is airde. Cumhdaíonn sin glacadh le bronntanais, fáilteachas, oirnéaladh, duaiseanna agus gradaim. Agus cumhdaíonn sin gníomhaíochtaí seachtracha le linn an téarma oifige chomh maith le gníomhaíochtaí iarthearna. Úsáidfídh mé acmhainní airgeadais agus acmhainní eile an Choimisiúin go stuama.

## **2. Na sainchúraimí a bhainistíú agus comhar le Parlaimint na hEorpa**

*An féidir leat gealltanais a thabhairt an Pharlaimint a chur ar an eolas go cuí faoi do chuid gníomhaíochtaí agus faoi ghníomhaíochtaí do chuid ranna? I do thuairimse, cén chaoi a bhfuil tú cuntasach don Pharlaimint?*

*Cad iad na gealltanais shonracha atá tú sásta a dhéanamh maidir le do rannpháirtíocht leis an bParlaimint agus maidir le bheith i láthair sa Pharlaimint, sa choiste agus sa suí iomlánach araon, ó thaobh trédhearcachta, comhair agus obair leantach éifeachtach ar sheasaimh na Parlaiminte agus iarrataí ar thionscnaimh reachtacha? Maidir le tionscnaimh bheartaithe nó nósanna imeachta reatha, an bhfuil tú toilteanach faisnéis thráthúil agus doiciméid a sholáthar don Pharlaimint ar an mbonn comhionann céanna agus a dhéantar leis an gComhairle?*

*Ról agus comhar le Parlaimint na hEorpa agus a coistí*

Tá rannpháirtíocht le Parlaimint na hEorpa fíorthábhachtach domsa i gcónaí, mar a bhí le 5 bliana anuas. Rinne mé ionadaíocht thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh in 43 chruinniú iomlánacha san iomlán. I mo cháil mar an Coimisinéir um an gComharsanacht agus um Méadú, ghlac mé páirt in aon chruinniú is tríocha a eagraíodh ar leibhéal an Choiste. Cumhdaíonn sin míreanna ar nós idirphlé foirmiúil faoi chúram na n-ionstraimí airgeadais atá faoi mo shainchúram (7 gcinn maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus 6 cinn maidir leis an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais). Sa chomhthéacs sin, bhí sé tábhachtach domsa i gcónaí na príomhthograí agus na príomhthuarascálacha uile (ar nós na 4 phacáiste bhliantúla um méadú) a chur faoi bhráid na Parlaiminte go pras ar lá a nglactha sa Choiste ábhartha (AFET). D'oibrigh mé le Parlaimint na hEorpa agus lena coistí ábhartha ag gach céim den phróiseas ceaptha beartas agus den idirphlé polaitiúil araon.

Ag féachaint chun cinn, tá sé i gceist agam dlúthchaidreamh oibre a bhunú, bunaithe ar mhúinín fhrithpháirteach agus ar idirphlé cuiditheach leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i réimse na sláinte agus leas na n-ainmhithe. Creidim go láidir go bhfuil sé sin ríthábhachtach chun múinín na saoránach as ár mbeartais agus as ár n-institiúidí agus maoirseacht orthu a áirithiú agus chun cuidiú leis an mbréagaisnéis a chomhrac freisin.

Tá comhar éifeachtach idirinstiúideach ríthábhachtach chun go bhfeidhmeoidh córas institiúideach an Aontais, agus le haghaidh éifeachtúlacht agus dlisteanacht chóras cinnteoireachta an Aontais. Bíonn sé sin ag brath ar threoirphrionsabail áirithe a bhfuilim tiomanta iad a leanúint agus cinnteoidh mé go leanfaidh na seirbhísí atá faoi mo chúram an cur chuige céanna. Ar na prionsabail sin tá an oscailteacht, an iontaoibh fhrithpháirteach, an éifeachtúlacht, agus malartú tráthrialta eolais. Tá na prionsabail sin i lán-chomhréir le Treoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen agus leagann siad béim ar an rún atá ann an caidreamh speisialta idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a threisiú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé i dtreo an chuspóra sin, agus é sin á dhéanamh agam tabharfaidh mé lánurraim d'fhorálacha Chreat-Chomhaontú 2010 agus do Chomhaontú Idirinstiúideach 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

I gcomhréir leis na Treoirlínte Polaitiúla, beidh mé ar fáil go hiomlán chun páirt a ghlacadh i gcruinnithe i bParlaimint na hEorpa, ar nós díospóireachtaí iomlánacha, cruinnithe coistí, plé tríthaobhach chomh maith le cruinnithe déthaobhacha le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Cinnteoidh mé go gcuirfeadh Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi aon mhórfhorbairt a tharlóidh faoi mo chúram agus is maith a thuigim a thábhachtaí atá cóir chomhionann don Parlaimint agus don Chomhairle a mhéid a bhaineann le rochtain ar chruinnithe agus soláthar aighneachtaí nó faisnéise eile.

#### *Trédhearcacht*

I dTreoirlínte Polaitiúla an Uachtaráin thoghaí von der Leyen cuirtear i dtábhacht gur cheart dár n-institiúidí a bheith oscailte agus gan locht maidir le saincheistean a bhaineann le trédhearcacht chun múinín na saoránach san Aontas a fháil ar ais. Chuige sin, ní mór do shaoránaigh a bheith ar an eolas faoi na seasaimh a chosnaítear sa phróiseas reachtach, agus seasaimh an Choimisiúin san áireamh. Cuirfeadh borradh faoi éifeachtúlacht agus dea-rialachas an Aontais má dhéanaimid an comhar idirinstiúideach a neartú trí dhlísteacht agus cuntasacht a chur chun cinn.

Dá bhrí sin, maidir leis na forálacha fadréimseacha a bhaineann le trédhearcacht agus an sreabhadh faisnéise atá sa Chreat-Chomhaontú maidir leis an gcaidreamh idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún agus sa Chomhaontú Idirinstiúideach maidir le Trédhearcacht agus Reachtóireacht Níos Fearr, tá mé tiomanta iad a chur chun feidhme. Go háirithe, cinnteoidh mé go n-urramófar na forálacha sin san idirphlé struchtúrtha le coistí na Parlaiminte agus in aon teagmháil eile a bheidh agam leo.

Rannchuideoidh mé go gníomhach freisin le hiarrachtaí an Choimisiúin na saoránaigh a chur ar an eolas faoin ról atá aige i struchtúr institiúideach an Aontais. Ina theannta sin, beidh na tograí beartais atá faoi mo chúram bunaithe ar chomhairliúcháin chuí le saineolaithe agus leis an bpobal, i gcomhréir leis na prionsabail maidir le Rialáil Níos Fearr.

#### *Obair leantach maidir le seasaimh na Parlaimint agus iarrataí uaithi ar thionscnaimh reachtacha*

Tá gealltanais soiléir tugtha ag an Uachtarán thoghaí von der Leyen ról níos láidre a thabhairt don Parlaimint maidir le reachtaíocht a thionscnamh agus a mhúnlú. Faoi fhorálacha reatha na gConarthaí, chuir sí i bhfíor go láidir go ndéanfaidh a Coimisiún obair leantach ar rúin Parlaiminteacha arna nglacadh ag tromlach na gcomhaltaí le gníomh reachtach, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na comhréireachta, na coimhdeachta agus na reachtóireachta níos fearr.

Glacaim go hiomlán leis an gcuspoir sin agus cinnteoidh mé go ngníomhóidh an Coimisiún dá réir sin sna réimsí a thagann faoi m'inniúlacht. Mar chuid den tiomantas comhpháirtíocht níos doimhne le Parlaimint na hEorpa a chothú, oibreoidh mé i gcomhar leis an bParlaimint ar rúin faoi Airteagal 225 CFAE. Creidim go láidir go gcuirfidh sé sin feabhas ar an idirphlé agus go gcothóidh sé múinín agus spiorad meithle agus muid ag obair as lámh a chéile i dtreo sprioc chomhchoiteann.

Cinnteoidh mé freisin go bhfreagrófar go tapa agus go cruinn na ceisteanna ó Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa chuig an gCoimisiún a thiofadh faoi mo chúram. Tiofadh mé os comhair sheisiún iomlánach agus choistí Parlaimint na hEorpa aon uair a iarrfar orm ceist a fhreagairt nó aon fhreagra ar leith a thabhairt.

Is maith a thuigim gur gné fhíor-riachtanach é an soláthar faisnéise agus doiciméad chun an chomhpháirtíocht idir Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún a dhoimhniú. Dá bhrí sin, geallaim go gcuirfidh mé chun feidhme go hiomlán forálacha ábhartha an Chreat-Chomhaontaithe idir an dá institiúid, agus forálacha ábhartha an Chomhaontaithe Idirinstitiúidigh maidir le Reachtóireacht Níos Fearr. I gConradh Liospóin leagtar amach go bhfuil an Pharlaimint agus an Chomhairle lán chomh tábhachtach le chéile mar chomhreachtóirí, agus cinnteoidh mé go n-urramófar é sin maidir leis an gcaoi a roinntear faisnéis i réimsí atá faoi mo chúram.

### Ceistanna ón gCoiste um an gComhshaol, um Shláinte Phoiblí agus um Shábháilteacht Bia

*3. Conas a oibreoidh tú chun athléimneacht na gcóras cúraim sláinte a neartú, chun inrochtaineacht agus inacmhainneacht cúraim agus táirgí leighis san Aontas a áirithiú agus chun taighde agus iomaíochas an Aontais san earnáil cógaisíochta a spreagadh? D'ainneoin iarrachtaí ina leith, tá an tAontas fós deighilte maidir le rochtain ar chúram sláinte agus infhaighteacht cógas, rud a dhéanann difear do cháilíocht saoil othair san Aontas agus dá ndochúlacht a ngalair a leigheas. I do cháil mar Choimisinéir um Shláinte, conas a dhéanfaidh tú, lena n-áirítear i gcomhar le Ballstáit an Aontais, na héagthromaíochtaí sláinte sin a laghdú, ganntanais táirgí íocshláinte a chomhar, aghaidh a thabhairt ar ghanntanas gairmithe cúraim sláinte agus a áirithiú go bhfaighidh gach Eorpach na cóireálacha is fearr gan beann ar an áit a bhfuil cónaí orthu san Aontas? An gceapann tú gur réiteach é athbheithniú a dhéanamh ar an Treoir maidir le cúram trasteorann? Cad is féidir leat a rá cheana féin faoin nGníomh um Chógais Chriticiúla sa chomhthéacs seo? Conas a chuirfidh an Gníomh feabhas ar an inniúlacht freagairt do ghéarchéimeanna sláinte, spleáchas ar allmhairiú cógas leighis criticiúil agus comhábhar criticiúil ó thríú tíortha a laghdú agus aghaidh a thabhairt ar riachtanais chriticiúla i gcúram sláinte, agus rochtain air agus a inacmhainneacht a fheabhsú ag an am céanna? Conas a chinnteoidh tú go gcothóidh an tAontas taighde agus forbairt ar chógais nua nó ar chóireálacha nua, go háirithe i gcás galair neamhchoitianta, agus go méadóidh sé a iomaíochas, a nuálaíocht agus a neamhspleáchas straitéiseach, agus rochtain na n-othar ar na nithe seo á áirithiú ag an am céanna? Conas a fheiceann tú an nasc leis an nGníomh Eorpach um an mBith-theicneolaíocht? Cén ról, dar leat, atá ag EU4Health sa chomhthéacs sin, go háirithe agus na ciorruithe buiséid a moladh le déanaí á gcur san áireamh?*

Le blianta beaga anuas, tá réimse dúshlán atá ag dul i méid ag tástáil athléimneacht na gcóras sláinte san Aontas. Tá sé léirithe ag na dúshlán sin nach mór do chórais sláinte a n-acmhainneacht a neartú chun suaitheadh agus athruithe struchtúracha a thuar agus chun dul in oiriúint dóibh. Trí leochaileachtaí na gcóras sláinte a laghdú, beifear in ann leanúint ag soláthar cúram sláinte den scoth do shaoránaigh an Aontais agus cuideoidh sé sin freisin leis na Ballstáit a n-inbhuanaitheacht a chinntiú, agus torthaí sláinte níos fearr a bhaint amach san am céanna. Tá gné Eorpach i bhfad níos láidre sa bheartas sláinte anois freisin. Ar na hacmhainní luachmhara atá ann chun tacú leis an obair sin tá an Seimeastar Eorpach agus na moltaí tírshonracha, chomh maith le hobair ECFE, an Fhaireachlann Eorpach um Chórais agus Beartais Sláinte agus Staid na Sláinte san Aontas. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé beartaithe agam leanúint den obair sin maidir leis na córais sláinte a neartú laistigh de theorainneacha inniúlachtaí an Aontais.

Ós rud é go mbíonn ár gcórais sláinte spleách ar an teicneolaíocht dhigiteach, gné lárnach amháin den athléimneacht is ea a gcibearshlándaíl: má dheimhnítear m'ainmniúchán, ar cheann de na chéad bhearta a dhéanfaidh is ea cur i gcrích an phlean gníomhaíochta Eorpaigh um chibearshlándaíl ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte a leagtar amach sna Treoirí Polaitiúla, trí oibriú i ndlúthchomhar leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándaíl agus an Daonlathas.

Tá rochtain ar tháirgí leighis éifeachtacha, ardcháilíochta agus sábháilte ríthábhachtach do chórais cúraim sláinte dea-fheidhmiúil. Tá gá le creat rialála a oireann do luas tapa an athraithe teicneolaíochta san earnáil cúraim sláinte. Is é sin an sprioc atá leis an athchóiriú ar reachtaíocht chógaisíochta an Aontais a moladh i mí Aibreáin 2023. Leis sin chuirfí creat rialála nua-aimseartha simplithe tacúil i bhfeidhm a d'fhágfadh go mbeadh sé níos tarraingtí do chuideachtaí infheistíocht a dhéanamh i dtaighde agus i bhforbairt le haghaidh cógas leighis nuálacha san Aontas, lena n-áirítear dreasachtaí sonracha do chógais leighis le haghaidh galair neamhchoitianta. Measaim gur bunchloch don todhchaí é an t-athchóiriú seo agus má dheimhnítear m'ainmniúchán, déanfaidh mé gach is féidir liom chun tacú leis na comhreachtóirí an t-athchóiriú seo a thabhairt chun críche.

De réir mar atá curtha i dtábhacht ag Parlaimint na hEorpa féin, i gcás cógas leighis nuálacha atá údaraithe san Aontas, níl na hothair á bhfáil tapa go leor agus níl an rochtain chéanna ag gach duine orthu. I roinnt Ballstáit san iarthar agus i roinnt Ballstáit atá níos mó, tá rochtain ag na hothair ar 90 % de chógais nuacheadaithe, ach i roinnt Ballstáit i ndeisceart agus i lár na hEorpa, agus i roinnt Ballstát atá níos lú, is féidir an leibhéal rochtana sin a

bheith níos ísle ná 20 %. Leis an athchóiriú atá beartaithe, cuirtear chun cinn rochtain níos tapúla d’othair ar fud na mBallstát uile agus iontráil níos luaithe cógas cineálach agus bithchosúil sa mhargadh. Chomh maith le tacú le rochtain ar chóigais, agus ar ndóigh de réir thoradh na caibidlíochta maidir leis an athchóiriú cógaisíochta, fiosróidh mé freisin gníomhaíochtaí neamhrechtacha breise a d’fhéadfadh an t-athchóiriú a chomhlánú. Leanfaidh mé ag tacú le comhar deonach ar fud na n-údarás inniúil ó thaobh chost-éifeachtúlacht agus inacmhainneacht na gcógas de.

Tá dúshlán ar leith romhainn ó thaobh ganntanas sa lucht saothair sláinte de, rud atá le feiceáil ar fud na mBallstát agus a dhéanann difear do go leor gnéithe den ghairm. Is dúshlán é dáileadh míchothrom na ngairmithe sláinte i leath de na Ballstáit ar a laghad, rud a fhágann go dtugtar ‘fásaigh leighis’ orthu. Agus is in olcas a rachaidh an fhadhb seo mar gheall ar an méadú a bhfuil coinne leis ar an éileamh ar chúram sláinte. Má dheimhnítear m’ainmniúchán, tacóidh mé freisin le hobair an Leas-Uachtaráin Feidhmiúcháin um Dhaoine agus Scileanna agus um Ullmhacht a bheidh ann amach anseo agus cuideoidh mé le creat comhleanúnach a chruthú chun aghaidh a thabhairt ar ganntanais lucht saothair in earnáil an chúraim fhadtéarmaigh.

Is fadhb sheanbhunaithe san Aontas í ganntanais cógas leighis freisin, agus tá tionchar tromchúiseach aige sin ar cháilíocht saoil na n-othar ar fud na hEorpa. I gcomhréir leis an Rún ó Pharlaimint na hEorpa, leathnaigh an Coimisiún sainordú na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí chun bainistiú comhordaithe agus comhoibríoch na nganntanas criticiúil ar leibhéal an Aontais le linn géarchéime a chumhdach. Is ann do bhearta rialála láidre san athchóiriú cógaisíochta freisin a fhéachann le ganntanais a chosc agus a mhaolú, agus le slabhraí soláthair a neartú. Tá bearta neamhrechtacha breise i bhfeidhm, agus is fóram luachmhar é an Comhaontas nua um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla chun an dul chun cinn a fhiosrú.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, oibreoidh mé chun na bearta a mholtar san athchóiriú cógaisíochta a chomhlánú le togra le haghaidh Gníomh um Chógais Chriticiúla. Leis an ngníomh sin, bheadh cur chuige comhordaithe ann chun dul i ngleic le ganntanais thromchúiseacha cógas criticiúil. Ba é ba aidhm dó athléimneacht ár slabhraí soláthair a neartú agus iad a éagsúlú, agus ár spleáchas ar thíortha nach Ballstáit den Aontas iad a laghdú maidir le cógais leighis chriticiúla agus a gcomhábhair, agus san am céanna, cuidiú le praghsanna cógais leighis a choinneáil ag leibhéal atá inacmhainne. Cinnteoidh mé go mbeadh gach rogha bheartais a d’fhéadfadh a bheith ann cumhdaithe i measúnú tionchair an Choimisiúin. I measc na roghanna a d’fhéadfaí a bhreithniú tá bearta soláthair chun cuidiú leis an éileamh a dhéanamh níos intuatha, bearta chun acmhainneacht mhonaraíochta na hEorpa a chothabháil agus a neartú agus comhpháirtíochtaí straitéiseacha a fhorbairt chun slabhraí soláthair a éagsúlú.

Chun ár n-iomaíochas idirnáisiúnta a fheabhsú, ba cheart dúinn dlús a chur lenár n-iarrachtaí an nuálaíochta a choinneáil i gcoirlár ár ngeilleagair, toisc go meallann an nuálaíocht infheistíocht agus tallann ó gach cearn den domhan chuig earnáil sláinte na hEorpa, chomh maith le spreagadh a thabhairt do dhul chun cinn na heolaíochta leighis. Tá tábhacht straitéiseach ag baint leis an mbith-theicneolaíocht, an intleacht shaorga agus sonraí ón Spás Eorpach Sonraí Sláinte (EHDS) d’iomaíochas fadtéarmach an Aontais. Tá siad ina gcuidiú le cóir leighis nua, próisis mhonaraíochta agus táirgí nuálacha a fhorbairt, mar shampla le haghaidh galair neamhchoitianta, trí sonraí sláinte a chur ar fáil ar bhealach atá slán ar ionsaí le haghaidh taighde, chomh maith le ligean d’othair a gcuid sonraí a roinnt le soláthraithe cúraim sláinte agus tástálacha nach bhfuil gá leo a sheachaint.

Má dheimhnítear m’ainmniúchán, beidh sé ar cheann de mo phríomhthosaíochtaí Gníomh um an mBith-theicneolaíocht a thabhairt chun cinn chun athbhrandáil a dhéanamh ar earnáil bith-theicneolaíochta an Aontais mar cheannaire domhanda agus chun tacú leis an earnáil nuair is gá. Mar chuid de Straitéis níos leithne um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa, beidh sé d’aidhm ag an nGníomh timpeallacht rialála an Aontais a dhéanamh níos simplí agus níos fabhraí don nuálaíocht, nuálaithe agus infheisteoirí a mhealladh chun taighde a dhéanamh agus é a dhéanamh níos éasca bith-theicneolaíochtaí a thabhairt ón tsaotharlann chuig an monarcha agus ar aghaidh chuig an margadh ansin, agus bheadh sé seo i gcomhréir leis an obair a leagtar amach sna Treoirínte Polaitiúla maidir le gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis a chur chun cinn. San am céanna, ní mór dúinn freisin scileanna T&F agus bith-theicneolaíochta ár n-eolaithe, ár bhfiontraithe agus ár lucht saothair a threisiú.

Is éacht mór í an Treoir maidir le Cúram Sláinte Trasteorann ó thaobh rochtain shaoránaigh an Aontais ar chóir leighis de. Mar sin féin, ní mór aird a thabhairt ar chur chun feidhme na Treorach go fóill. Sa mheastóireacht a rinneadh in 2022 deimhníodh go gcruthaíonn an Treoir breislúach do shaoránaigh an Aontais, cé gur fíor freisin go ndéantar formhór an chúraim sláinte trasteorann a bhainistiú go héifeachtach fós trí chomhordú na slándála sóisialta. Bealach tábhachtach amháin a raibh rath ar an Treoir is ea gur ann do thionscnaimh agus reachtaíocht thiomnaithe mar gheall ar chuid dá príomhghnéithe (mar shampla na Líonraí Tagartha Eorpacha r-Shláinte um ghalair neamhchoitianta agus um measúnú ar theicneolaíochtaí sláinte). Déanfar an chéad mheastóireacht eile in



2027, agus beidh orainn breathnú go cúramach ar an gcur chun feidhme sa chleachtas agus féachaint an bhféadfai é a fheabhsú.

Chuir an Clár EU4Health go mór le tionscnaimh sláinte san Aontas faoi chúinsí an-dúshlánach. Oibreoidh mé go i ndlúthchomhar leis na Ballstáit chun an clár a úsáid chun rochtain agus torthaí cúraim sláinte níos cothroime a chothú ar fud an Aontais. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé de comhpháirtíochtaí agus réitigh nuálacha chistiúcháin a ghíaráil chun feabhsuithe ar chórais sláinte, ar chumais taighde agus ar an tsláinte dhigiteach a bhrú chun cinn ar bhonn leanúnach. Faoi láthair, ó thaobh tacaíocht airgeadais phoiblí agus infheistíocht phoiblí de, ba cheart é a bheith mar chéad tosaíocht úsáid na n-acmhainní atá ar fáil trí NextGenerationEU agus tríd an mbuiséad reatha a áirithiú. Ag féachaint chun cinn, is deis é an chéad Chreat Airgeadais Ilbhliantúil eile chun ár gcaiteachas a dhéanamh níos dírithe, níos simplí agus níos éifeachtaí.

Ní mór dúinn leanúint dár gcosc, dár n-athléimneacht agus dár n-iomaíochas a neartú trínár mbeartais sláinte agus trí infheistíocht spriocdhírthe. Teastaíonn earnáil cógaisíochta atá láidir, iomaíoch agus nuálach ón Eoraip agus ní mór di an leas is fearr is féidir a bhaint as réabhlóid na bith-theicneolaíochta. Luadh go soiléir sna Treoirínte Polaitiúla gur gá dúinn infheistíocht a dhéanamh sa nuálaíocht agus sna teicneolaíochtaí a mhúnlóidh ár ngeilleagar agus a chuirfidh dlús lenár n-aistrithe: caitheadh sé seo a bheith ina tosaíocht dúinn.

*4. Cad iad na pleananna nithiúla atá agat chun FSFM a chomhrac ar an leibhéal náisiúnta, ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, i gcomhréir le cur chuige na hAon Sláinte Amháin, maidir le sláinte an chomhshaoil, sláinte an duine agus sláinte ainmhithe? Go háirithe, cad iad na bearta breise atá beartaithe agat sa bhreis orthu siúd atá molta cheana féin san athbhreithniú ar an reachtaíocht chógaisíochta, i réimsí an duine agus na tréidliachta araon? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha agus ar uirlisí diagnóiseacha a áirithiú, agus úsáid stuama agus maoirseacht á n-áirithiú ag an am céanna? An ndéanfaidh tú nuashonrú ar liosta na n-antaibheathach lena n-úsáid ag an duine a thíolacadh? Ós rud é gur cuid ríthábhachtach den chomhrac i gcoinne FSFM iad an taighde agus an nuálaíocht, cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat taighde poiblí agus príobháideach agus nuálaíocht phoiblí agus phríobháideach araon a dhreasú sa réimse sin? An bhfuil sé beartaithe agat féachaint ar fhrithbhearta leighis neamhshaothraithe amhail baictéara-fagaigh?*

Is bagairt thromchúiseach dhomhanda ar an tsláinte í an Fhrithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach (FSFM). Ní féidir linn neamhaird a dhéanamh ar na meastacháin ó na Náisiúin Aontaithe go bhféadfadh 10 milliún duine bás a fháil gach bliain ar an leibhéal domhanda, 390 000 de na daoine sin san Eoraip, mura ndéanfaí bearta suntasacha faoi 2050. Ní chuirtear san áireamh leis sin an costas eacnamaíoch, is é sin thart ar € 11,7 billiún gach bliain don Eoraip, de bharr costais mhéadaithe an chúraim sláinte agus caillteanais táirgíúlachta.

Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach dlús a chur le bearta chun FSFM a chomhrac. Garsprioc thábhachtach ab ea Moladh na bliana seo caite ón gComhairle maidir le dlús a chur le gníomhaíochtaí an Aontais chun an frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha a chomhrac trí chur chuige Aon Sláinte Amháin, go háirithe ó thaobh na spriocanna nithiúla intomhaiste molta atá le baint amach faoi 2030. Cumhdaíonn sé sin moltaí maidir le faireachas, cosc agus rialú ionfhabhtuithe, maoirseacht, úsáid stuama ábhar frithmhiocróbach agus múscailt feasachta. Tacaíonn an Coimisiún le bearta na mBallstát sa réimse sin.

Ó thaobh an obair a dhéanfar ar chur chun feidhme sa réimse seo, d'fhéadfadh súil a choinneáil ar an dul chun cinn a dhéantar a bheith ina théama tábhachtach, mar aon le faireachán bliantúil ar an dul chun cinn i dtreo na spriocanna sin. In 2027 déanfaidh an Coimisiún cinneadh maidir leis na chéad chéimeanna eile, bunaithe ar an tuarascáil cur chun feidhme maidir leis an Moladh ón gComhairle atá beartaithe don bhliain chéanna.

Tá sé beartaithe againn freisin treoirínte nua a fhorbairt maidir le hionfhabhtuithe a chosc agus a rialú chun tacú le hidirghabhálacha sna Ballstáit, go háirithe d'ospidéal, áiteanna a bhfuil cuid den ualach is troime a bhaineann le FSFM orthu. D'fhéadfadh an Lárionad Eorpach um Ghálair a Chosc agus a Rialú a bheith ina mhórhacaíocht san obair seo.

I gcás na tréidliachta, tuairiscíonn na Ballstáit sonraí maidir le díolacháin agus úsáid ábhar frithmhiocróbach gach bliain. Ón méid sin, is féidir linn a fheiceáil go bhfuil níos mó ná leath den laghdú a raibh coinne leis ar dhíolacháin ábhar frithmhiocróbach d'ainmhithe, laghdú atá leagtha síos inár Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', bainte amach cheana féin. A luaithe a bheidh treochtaí díolacháin agus úsáide inaitheanta le himeacht ama, beimid in ann measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta spriocdhírthe breise.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, díreoidh mé, sa réimse seo freisin, ar chur i bhfeidhm agus ar fhorfheidhmiú na n-oibleagáidí a bhaineann le FSFM agus le leigheas tréidliachta (lena n-áirítear iad siúd a eascraíonn as an Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta agus as an Rialachán maidir le Beatha Íocleasaithe) sna Ballstáit uile, trí bhithin iniúchtaí mar shampla. . Baineann sin freisin le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad ar mian leo ainmhithe agus táirgí ainmhithe a onnmhairiú chuig an Aontas, agus tá sé d'oibleagáid orthu ár rialacha a urramú gan ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáid chun fás a chur chun cinn ná ábhair fhrithmhiocróbacha atá forchoimeáda chun cóir leighis a chur ar ionfhabhtuithe i ndaoine san Aontas. Ba cheart obair leantach a dhéanamh go pras maidir le faisnéis nua a bhaineann le hathbhreithniú a d'fhéadfaí a dhéanamh ar liosta na n-ábhar fhrithmhiocróbach atá forchoimeáda chun cóir leighis a chur ar ionfhabhtuithe i ndaoine, mar a shainmhínítear sa Rialachán maidir le Táirgí Íocshláinte Tréidliachta.

Táimid uilig ar aon tuairim go bhfuil sé práinneach ábhair fhrithmhiocróbacha nua a fhorbairt. Mar sin féin, nuair a chuirtear srian le húsáid ábhar fhrithmhiocróbach bíonn tionchar aige sin ar mhéid na ndíolachán agus, dá bhrí sin, ar an toradh ar infheistíocht do shealbhóirí údaruithe margadóchta. Is cúis mhór é sin leis an tearcinfheistíocht sa réimse seo agus, dá bhrí sin, tá gá le dreasachtaí breise chun ábhair fhrithmhiocróbacha nuálacha a fhorbairt agus chun rochtain ar ábhair fhrithmhiocróbacha a áirithiú.

Is é sárú an chliste margaidh sin an fáth a raibh dearbhan nuálach eisiachais sonraí san áireamh san athchóiriú cógaisíochta atá beartaithe, chun dreasacht speisialta a chruthú chun ábhair fhrithmhiocróbacha cheannródaíoch nua a bheidh éifeachtach in aghaidh FSFM a fhorbairt. Chuimsigh sé freisin bearta chun úsáid stuama ábhar fhrithmhiocróbach a chothú, faireachán a dhéanamh ar an bhfrithsheasmhacht ina n-aghaidh agus ganntanais a chosc agus an mheastóireacht ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag cógais leighis ar an gcomhshaol a neartú. Dá bhrí sin, is díol mór sásaimh dom gur chuir an Pharlaimint béim ar leith ar bhearta FSFM sa chéad seasamh uaithe ar an gcéad léamh, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, déanfaidh mé gach rud is féidir chun tacú leis an bParlaimint agus leis an gComhairle sa chaibidlíocht chun toradh rathúil a áirithiú, go háirithe maidir leis an bhfadhb chriticiúil seo.

Mar chomhlánú ar na bearta a leagtar amach san athchóiriú cógaisíochta atá beartaithe, bheadh tionchar tábhachtach ag an togra atá beartaithe le haghaidh Gníomh um Chógais Chriticiúla a leagtar amach sna Treoirí Polaitiúla ar sholáthar ábhar fhrithmhiocróbach. Meastar gur cógais chriticiúla iad go leor ábhair fhrithmhiocróbacha, agus mar sin de bheadh sé tairbhíúil gníomhaíochtaí a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas criticiúla, lena n-áirítear trí leochaileachtaí sa slabhra soláthair a ghéaraíonn na ganntanais sin a réiteach.

Ar an leibhéal domhanda, agus má dheimhnítear m'ainmniúchán mar Choimisinéir, oibreoidh mé leis na Ballstáit agus lenár gcomhpháirtithe chun Dearbhú Polaitiúil na Náisiún Aontaithe maidir le FSFM a glacadh le déanaí a chur chun feidhme. Sa dearbhú sin glactar leis gur gá cur chuige na hAon Sláinte Amháin a chothú, leagtar síos cuspóirí nithiúla agus iarrtar ar an Ardán Comhpháirtíochta Ilpháirtithe Leasmhara maidir le Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach 'páinéal neamhspleách maidir le fianaise le gníomhaíocht in aghaidh FSFM' a bhunú in 2025 chun treoir a thabhairt do Bhallstáit na Náisiún Aontaithe dá ngníomhaíochtaí náisiúnta.

Molfaidh mé freisin méadú ar an líon rannpháirtithe sa Chiste Iontaobhais Ilchomhpháirtithe um Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach, ar foinse rithábachtach chistithe é atá tiomnaithe do FSFM. Tá ról rithábachtach ag an gciste sin maidir le tacú le cur chun feidhme pleananna gníomhaíochta náisiúnta i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim.

Mar fhocal scoir, má dhearbhaítear m'ainmniúchán, geallfaidh mé ár n-iarrachtaí srian a chur le FSFM a neartú ar gach leibhéal agus ar fud na n-earnálacha ábhartha uile i gcur chuige na hAon Sláinte Amháin. Oibreoidh mé libhse, le Feisirí Parlaimint na hEorpa, leis an gComhairle, le páirtithe leasmhara agus lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta chun an sprioc sin a bhaint amach.

*5. Cé na moltaí atá agat chun feabhas a chur ar fhaisnéis shainordaitheach bhia do thomhaltóirí, go háirithe maidir le cion cothaitheach (le haghaidh roghanna níos sláintiúla, ach gan róshimpliú a dhéanamh), gnéithe inbhuanaitheachta (lorg CO2) agus lipéadú leasa ainmhithe (AWL), agus an t-ualach riaracháin á sheachaint agus bia sábháilte agus inacmhainne á n-áirithiú ag an am céanna? An ngeallfaidh tú go dtíolacfaidh tú an beart a fógraíodh sa Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' in 2020 maidir le scéim lipéadaithe ar aghaidh an phacáiste a thabhairt isteach ar fud an Aontais? An ar gcaoi chéanna, an bhfuil sé beartaithe agat an togra reachtach maidir le córais bhia inbhuanaithe a bhfuil moill air, a fógraíodh freisin mar chuid den Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc' a thíolacadh? Cén fhís atá agatsa maidir leis an tionscnamh seo? Maidir le húsáid lotnaidicídí, cé na moltaí atá agat chun tacú leis na feirmeoirí úsáid lotnaidicídí ceimiceacha agus na rioscaí a bhaineann leo a laghdú,*

*agus conas a chuirfidh tú dlús le hinfhaighteacht roghanna malartacha, amhail táirgí bithrialaithe nó substaintí ísealriosca? Ar deireadh, cad iad na pleananna nithiúla atá agat chun rialuithe sábháilteachta bia ar tháirgí allmhairithe a mhéadú?*

Trí fhaisnéis shainordaitheach bhia, an cion cothaitheach san áireamh, agus lipéadú cothúcháin ar aghaidh an phacáiste, is féidir cuidiú le tomhaltóirí roghanna bia níos sláintiúla a dhéanamh. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara ar chur chuige cuimsitheach chun roghanna bia níos sláintiúla a chur chun cinn, ag tabhairt aghaidh ar shaincheisteanna ar nós faisnéis bhia, athfhoirmlíú bia agus margaíocht bia mhíshláintiúil. Tá baint aige sin leis an gcur chuige trasearnála maidir le cosc fad saoil, cur chuige a n-oibreoidh mé air, trí chur le gníomhaíochtaí atá ann cheana i ndáil leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc. Ós rud é gur fearr is féidir le feachtais faisnéise náisiúnta díriú ar thomhaltóirí, tacóidh mé le hiarrachtaí náisiúnta feasacht a fheabhsú maidir le faisnéis bhia.

Ba cheart leanúint den obair ar lipéadú bia, agus aird ar leith á tabhairt ar aon ualach gaolmhar a íoslaghdú agus ar réitigh chothroma phragmatacha a aimsiú a d'éascódh feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh. Maidir le lipéadú leasa ainmhithe, díreoidh mé ar fhianaise láidir a bhailiú, go háirithe ar an tionchar a bheadh ag scéim dheonach lipéadaithe leasa ainmhithe ar fheirmeoirí, ar oibreoirí gnóilachtaí bia, ar iompraíocht tomhaltóirí agus ar an margadh inmheánach.

D'fhógair an tUachtarán toghaí von der Leyen sna Treoirlínte Polaitiúla go gcuirfidh an Coimisiún nua Fís le haghaidh na Talmhaíochta agus an Bhia i láthair sna chéad 100 lá. Leis sin tabharfar aghaidh ar conas iomaíochas agus inbhuanaitheacht fhadtéarmach earnáil feirmeoireachta agus bia an Aontais a áirithiú laistigh de theorainneacha pláinéadacha. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhar le mo chomhghleacaithe sa Choláiste chun an Fhís sin a fhorbairt ar bhealach a chinnteoidh go mbeidh córas bia AE athléimneach iomaíoch inbhuanaithe againn, agus an tsábháilteacht bia mar cheann dá bunchlocha. Cuirfidh an Fhís leis an tuarascáil maidir leis an bPlé Straitéiseach faoi thodhchaí na talmhaíochta san Aontas Eorpach, inar aithin na páirtithe leasmhara uile go bhfuil cur chuige córasbhunaithe agus an inbhuanaitheacht rithábhachtach i gcónaí. Chun an t-aistriú chuig córais bhia inbhuanaithe a bhaint amach, tá gá le huirlisí beartais éagsúla, lena n-áirítear infheistíocht, dreasachtaí agus rialáil, agus iad uile ag cur le creat beartais cumasúcháin a sholáthraíonn soiléireacht do na páirtithe leasmhara uile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i ndlúthchomhair leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia chun córas nua tagarmharcála a fhorbairt le haghaidh córais talmhaíochta agus bhia a bheidh dírithe ar mhodheolaíochtaí a chomhchuibhiú ar nós inbhuanaitheacht ar an bhfeirm.

Leanfaidh mé dár n-iarrachtaí chun na rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a laghdú agus roghanna malartacha neamhcheimiceacha a chur chun cinn, ar príomhchuspóirí iad sin den Treoir atá ann faoi láthair maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé ar bhealaí chun cur chun feidhme na Treorach sin a fheabhsú a thuilleadh nó chun measúnú a dhéanamh ar thionscnaimh reachtacha nua, i gcomhairle leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara eile agus bunaithe ar an moladh ón Plé Straitéiseach, ina n-iarrtar ar an gCoimisiún creat reachtach láidir a chur i bhfeidhm le haghaidh táirgí agus cur chuige bithrialaithe.

Le nuálaíocht theicniúil trí uirlisí digiteacha agus teicnící beachta leata, d'fhéadfaí rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a laghdú freisin, trí chainníocht na lotnaidicídí is gá chun barra a chosaint a laghdú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i dtreo na teicneolaíochtaí sin a chomhtháthú sa phróiseas measúnaithe riosca ionas go ndéanfar iad a mheas go hiomlán sula ndéanfar cinntí maidir le formheasanna lotnaidicídí. Chomh maith le borradh a chur faoin nuálaíocht agus nuachóiriú a dhéanamh ar an trealamh a úsáidtear chun lotnaidicídí a leathadh, beidh feirmeoirí in ann 'breis a bhaint as beagán'. Tá sé beartaithe agam oibriú leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia chun tacú le feirmeoirí san aistriú seo i dtreo teicnící digiteacha agus beachta.

Tá mé tiomanta infhaighteacht roghanna malartacha ar lotnaidicídí ceimiceacha, ar nós bithlotnaidicídí, a mhéadú trí rochtain orthu ar an margadh a chothú. Le linn thréimhse mo shainordaithe dheireanaigh, shimpligh an Coimisiún na ceanglais sonraí agus na modhanna measúnaithe le haghaidh lotnaidicídí a bhfuil miocroorgánaigh iontu agus d'fhorbair sé treoraíocht shonrach le haghaidh bithlotnaidicídí eile ar nós eastóscáin plandaí agus fearamóin. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tá sé beartaithe agam bearta breise a dhéanamh ionas go ndéanfar meastóireacht ar bhonn ardtosaíochta ar iarratais ar údarú bithlotnaidicídí agus go gcuirfear dlús lena dteacht ar an margadh chun bosca uirlisí na bhfeirmeoirí a chosnaíonn a mbarra a leathnú. Thacódh sé sin leis an nuálaíocht, d'fhreastalódh sé ar na riachtanais athraitheacha maidir le cosaint plandaí agus thabharfadh sé aghaidh ar fhadhbanna fíteashláintíochta atá ag teacht chun cinn.

Tá ceann de na córais rialaithe sábháilteachta bia is déine ar domhan ag an Aontas, ina cháil mar cheann de na hallmhaireoirí bia is mó ar domhan. Is léir go bhfuil sé rithábhachtach dár saoránaigh go gcuirtear na rialacha sin chun feidhme i gceart. Ceann de phríomhphrionsabail an chórais sin is ea nach mór bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais a bheith sábháilte, bíodh sé gur laistigh nó lasmuigh den Aontas tionscnamh an bhia sin. Ciallaíonn sé sin, más mian le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad nó na bunáochtaí iontu a tháirgeann bia de bhunadh ainmhíoch an bhia sin a onnmhairiú chuig an Aontas, ní mór dá dtáirgí ár rialacha a chomhlíonadh, agus ní thugaimid rochtain ar mhargadh an Aontais ach amháin nuair a liostaítear an tríú tír agus an bhunáocht don táirge atá i gceist. Chun é sin a dheimhniú, déanann an Coimisiún iniúchtaí i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad chun comhlíonadh cheanglais an Aontais a fhíorú. Más gá, is féidir leis an gCoimisiún gníomhaíocht éigeandála a dhéanamh chun allmhairiú earraí bia neamhshábháilte a chosc.

Ní mór iarrachtaí leanúnacha a dhéanamh le go mbeidh rialuithe sábháilteachta bia ar allmhairí spriocdhírthe ar bhealach níos fearr: is éard atá i gceist leis sin anailís a dhéanamh ar shonraí ó na Ballstáit agus fianaise eolaíoch a mheas i ndáil le rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, sonraí staitistiúla maidir le trádáil, agus fianaise maidir le córais rialaithe na dtíortha is onnmhaireoir nach Ballstáit den Aontas iad, a dtagann cuid de na sonraí sin ó iniúchtaí an Choimisiúin. Ar an mbonn sin, tugtar tosaíocht i gcónaí do rialuithe atá bunaithe ar chineál na rioscaí agus ar an neamhchosaint a d'fhéadfadh a bheith ag tomhaltóirí agus ag gnólachtaí san Aontas ar na rioscaí sin.

Ní mór na huirlisí is gá a bheith ag na Ballstáit chun rialuithe a dhéanamh ar bhealach éifeachtúil comhordaithe. Le roghanna feabhsaithe maidir le hanailís sonraí agus inrianaitheacht, trí úsáid a bhaint as an intleacht shaorga mar shampla, d'fhéadfaí rannchuidiú le haimhrialtachtaí a bhrath ar bhealach níos éasca agus níos tapúla agus le haon teagmhas a láimhseáil ar bhealach níos fearr le cabhair ó chórais TF atá ann cheana agus atá faoi bhainistiú an Choimisiúin. Ar na gnéithe tábhachtacha eile tá saotharlanna tagartha an Aontais agus ionaid tagartha an Aontais atá cistithe ag an gCoimisiún, an t-athbhreithniú ar acmhainní rialaithe sna Ballstáit ag iniúchóirí an Choimisiúin, agus oiliúint do na hoifigigh náisiúnta a chuireann reachtaíocht an Aontais maidir leis an mbiashlabhra chun feidhme. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé ag obair chun na huirlisí sin a dhéanamh níos éifeachtaí, rud a chuirfidh feabhas ar na ráthaíochtaí do thomhaltóirí an Aontais go bhfuil gach táirge bia a allmhairítear sábháilte.

#### Ceisteanna ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

*6. Meastar níos mó agus níos mó gur tosaíocht do shaoránaigh é leas ainmhithe. Mar Choimisinéir ainmhithe, conas a fhreagrófaí don mhéadú atá ag teacht ar an éileamh ar chaighdeán níos airde leasa ainmhithe agus aghaidh á thabhairt ag an am céanna ar an inbhuanaitheacht, ar cheisteanna eacnamaíochta agus ar sheasaimh feirmeoirí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat na rialacháin atá ann cheana maidir le leas ainmhithe a nuachóiriú? Cad iad na gnéithe nua ar mhaith leat measúnú a dhéanamh orthu agus aghaidh a thabhairt orthu? Cad iad na tograí reachtacha maidir le leas ainmhithe atá beartaithe agat a dhéanamh? Ina theannta sin, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat leibhéil éagsúla chomhlíonta agus forfheidhmithe na reachtaíochta reatha i mBallstáit an Aontais a scrúdú agus aghaidh a thabhairt orthu agus a áirithiú go n-áiritheofar cothrom iomaíochta le tograí rialála nua chomh maith le forfheidhmiú feabhsaithe agus nach gcuirfead iomaíochas fheirmeoirí an Aontais i mbaol?*

Mar a leagtar amach sa litir mhísin a cuireadh chugam, má dheimhnítear m'ainmniúchán déanfaidh mé na rialacha maidir le caighdeán leasa ainmhithe a nuachóiriú chun cur leis an reachtaíocht atá againn cheana. Déanfaidh mé é sin i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí, agus ceisteanna inbhuanaitheacha, eiticíúla, eolaíochta agus eacnamaíochta á gcur san áireamh, chomh maith le hábhair inní ó thaobh iomaíochas fheirmeoirí na hEorpa agus ionchais na saoránach de. Creidim go láidir gur gá dúinn iomaíochas fheirmeoireacht an Aontais a choinneáil. Ní mór an cuspóir sin a léiriú sa reachtaíocht a bheidh againn amach anseo.

Ní mór an cur chuige maidir le leas ainmhithe ar an bhfeirm a bheith tomhaiste, ní mór critéir shocheacnamaíochta agus an t-iomaíochas a chur san áireamh leis agus ní mór é a bheith bunaithe ar fhianaise láidir. Mar obair leantach ar an tionscnamh Eorpach ó na saoránaigh 'Ná coinnimis ainmhithe i gcásanna feasta', beidh gá le cur chuige reachtach spriocdhírthe agus bearta tionlacain a thacóidh le páirtithe leasmhara an t-aistriú sin a dhéanamh ar bhealach inbhuanaithe atá inmharthana ó thaobh an gheilleagair de, agus iomaíochas fheirmeoirí na hEorpa á chosaint, chun deireadh a chur de réir a chéile le cásanna ainmhithe, agus idirthréimhsí iomchuí speiceas-sonracha ag gabháil leo.

Tá sé tábhachtach a áirithiú go ndéanfar caighdeán leasa ainmhithe an Aontais a chur chun feidhme agus a fhorfheidhmiú ar bhealach comhsheasmhach ar fud an Aontais Eorpaigh agus go gcuirfimid dlús lenár ngníomhaíocht ar fud an domhain le go mbeidh cothrom na Féinne ann. Chuige sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, bainfidh mé leas as an obair atá ar bun cheana féin, is é sin iniúchtaí ar chórais rialaithe oifigiúla

na mBallstát agus na dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, obair an Lárionad Tagartha de chuid an Aontais Eorpaigh do Leas Ainmhithe, mar shampla forbairt a rinneadh le déanaí ar rialacha maidir le soithí beostoic. Leanfaidh mé ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara uile trí ionstraimí agus fóraim éagsúla. I gcás ina sainaitnítear fadhbanna sistéamacha suntasacha sa chur chun feidhme, neartóidh mé an t-idirphlé leis na Ballstáit ábhartha chun torthaí a bhaint amach go tapa, agus an fhéidearthacht ann i gcónaí bearta um shárú a dhéanamh más gá.

Ar an leibhéal domhanda, leanfaidh mé ag cur ardchaighdeáin idirnáisiúnta chun cinn i bhfóraim iltaobhacha (go háirithe caighdeáin idirnáisiúnta leasa ainmhithe na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe), le tíortha is iarrthóirí ar aontachas leis an Aontas agus trí chomhar déthaobhach (mar shampla caibidil faoi leas ainmhithe i gcomhaontuithe trádála). Tá sé sin tábhachtach chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh allmhairí ainmhithe beo isteach san Aontas rialacha an Aontais nó caighdeáin choibhéiseacha, agus ar an gcaoi sin an sodar go grinneall i gcaighdeáin leasa ainmhithe ar fud an domhain a chomhrac, rud nach luífeadh le hionchais ár saoránach. Sa dá thogra reachtacha is déanaí maidir le leas ainmhithe (maidir le hainmhithe a iompar agus maidir le leas madraí agus cat) tá ceanglais i dtaca le caighdeáin choibhéiseacha le haghaidh allmhairí ainmhithe beo isteach san Aontas ó tíortha nach Ballstáit den Aontas iad.

*7. Mar Choimisinéir ainmhithe, cén chaoi a gcinnteofá go dtabharfaí ról níos lárnaí i mbeartas AE do na rioscaí méadaitheacha ó ráigeanna de ghalair ainmhithe agus ó fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha? Cad iad na cineálacha gníomhaíochtaí a mholfaí chun a áirithiú go bhfeabhsófar sláinte ainmhithe agus go ndíothófar galair ainmhithe ar fud an Aontais, go háirithe maidir le galair a chosc, faireachas agus bithshláindáil? Ina theannta sin, cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat aghaidh a thabhairt ar na bagairtí méadaitheacha a bhaineann le galair thrasteorann agus ar an gcomhordú idir Ballstáit an Aontais? Conas a chinnteodh tú go n-áiritheoidh an Coimisiún a bheidh ann amach anseo maoiniú agus acmhainní leordhóthanacha chun feabhas a chur ar thaighde ar fhorbairt vacsaíní inacmhainne chun galair amhail fiabhras Afracach na muc a chomhrac agus ar leathadh galar amhail galar gormtheanga a chosc?*

Tá mé lántiomanta ár n-iarrachtaí a neartú i ndáil le galair ainmhithe a chosc, a rialú agus a dhíothú agus sa chomhrac i gcoinne frithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha.

Ní stopann galair in-tarchurtha ainmhithe ag teorainneacha. Bíonn tionchar mór acu ar an bhfeirmeoireacht agus cuireann siad slándáil an tsoláthair bia san Aontas i mbaol. Is féidir roinnt acu a tharchur chuig daoine freisin. Is tosaíocht é galair ainmhithe a chosc agus a rialú, agus beidh sé ina tosaíocht i gcónaí, ar maithe le feidhmiú sábháilte an mhargaidh aonair freisin. Chuige sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cinnteoidh mé go ndéanfar ár gcóras láidir um ghalair ainmhithe a chosc, a rialú agus a dhíothú a chur chun feidhme i gceart ar fud an Aontais. Le tacaíocht ón Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia, forbróimid bearta eolaíochtbhunaithe agus cuirfidh chun feidhme iad chun ráigeanna de ghalair ainmhithe a chosc agus a rialú. Trí bheith ag obair i gcomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus leis an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú, díreoidh freisin ar ghalair zónóiseacha, mar shampla an fliú éanúil. Tabharfaidh mé aird ar leith ar ghalair veicteoir-iompartha, galair a bhfuil riosca atá ag méadú ag baint leo mar gheall ar an athrú aeráide, ar ghluaiseacht mhéadaithe earraí agus daoine thar teorainneacha, agus ar theagmháil níos dlúithe idir daoine agus an fiadhúlra. Trí bheith ag obair i ndlúthchomhar leis na Ballstáit, leanfaidh mé ag úsáid na n-uirlisí uile atá ar fáil dúinn chun déileáil le ráigeanna de ghalair ainmhithe, Foirne Éigeandála Tréidliachta an Aontais san áireamh. I gcomhar leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia, oibreoidh mé chun a áirithiú go mbeidh sraith chuimsitheach uirlisí sa Chomhbheartas Talmhaíochta chun cuidiú le feirmeoirí tionchar eacnamaíoch na ngalar ainmhithe a chosc agus a mhaolú agus an bhithshláindáil ar fheirmeacha a threisiú.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, ní ar ghalair ainmhithe amháin a bheidh m'aird dírithe. Is ábhar mór inní í an fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhiocróbacha do shláinte an duine, sláinte ainmhithe agus sláinte plandaí, do shábháilteacht agus slándáil bia, agus don chomhshaol. San earnáil tréidliachta, tá dul chun cinn déanta ag an Aontas maidir le húsáid ábhar frithmhiocróbach a laghdú. Tuairiscíonn na Ballstáit sonraí maidir le díolacháin agus úsáid ábhar frithmhiocróbach tréidliachta gach bliain. Sa chás sin tá torthaí bheartas an Aontais le feiceáil cheana féin - níos mó ná leath den laghdú a raibh coinne leis ar dhíolacháin ábhar frithmhiocróbach d'ainmhithe, laghdú atá leagtha síos inár Straitéis 'Ón bhFeirm go dtí an Forc', tá sé bainte amach cheana féin. A luaithe a bheidh treochtaí díolacháin agus úsáide inaitheanta le himeacht ama, beimid in ann measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le bearta spriocdhírith breise.

I gcomhréir leis an mbeartas maidir le húsáid stuama, i gcás na dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad ar mian leo ainmhithe agus táirgí ainmhithe a onnmhairiú chuig an Aontas, ní mór dóibh cloí lenár rialacha gan ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáid chun fás a chur chun cinn nó gan ábhair fhrithmhiocróbacha a úsáid atá forchoimeáda

san Aontas chun cóir leighis a chur ar ionfhabhtuithe i ndaoine. Beidh sé ríthábhachtach leanúint ag déanamh faireachán ar fhrithsheasmhacht fhrithmhicróbach i bpríomhspeicis na mbia-ainmhíthe a phóráítear laistigh den Aontas (éanlaith chlóis, muca agus bó-ainmhíthe). Ba cheart dúinn freisin dlús a chur lenár n-obair leis na Ballstáit ar chláir faireachais spriocdhíríthe (e.g. ar ainmhíthe do bharrshaothraithe) agus ba cheart dúinn na Ballstáit a spreagadh chun faireachas comhtháite a bhunú ar fhrithsheasmhacht in aghaidh ábhair fhrithmhicróbacha agus ar tomhailt ábhair fhrithmhicróbacha, trí chur chuige na hAon Sláinte Amháin a úsáid. Féachfaidh mé freisin ar na rialacha maidir le hallmhairí ainmhíthe fiáine.

Ar leibhéal an Aontais, tá bearta comhchuibhíthe ann chun galair ainmhíthe a bhrath go luath trí chóras fógartha agus tuairiscíthe galar ainmhíthe atá dea-fhorbartha agus trí fhaireachas bunaithe ar fud na mBallstát. Ba cheart dúinn leanúint ag cur feabhas ar fhógra a thabhairt agus ar an tuairisciú trí ghnéithe nua den Chóras Faisnéise Galair Ainmhíthe. Tá sé tábhachtach freisin dúbailt oibre a íoslághdú agus sonraí comhsheasmhacha a áirithiú ar fud na n-ardán trí idir-inoibritheacht ár gcóras faisnéise le córas fógartha na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhíthe. Leis an líonra de shaotharlanna sláinte ainmhíthe an Aontais, cinntítear diagnóisíú ardcháilíochta agus comhchuibhíthe chun galair ainmhíthe a bhrath go luath agus chun faireachas éifeachtach a dhéanamh orthu. Trí dhlúthchomhar leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus trí thacaíocht eolaíoch uaidh, díreoidh mé ar bhearta láidre atá bunaithe ar an eolaíocht. Tá lucht saothair dea-oilte ríthábhachtach chun bearta an Aontais a chur chun feidhme i gceart sna Ballstáit, agus mar sin tá sé tábhachtach leanúint d'acmhainneacht a mhéadú ar leibhéal na mBallstát trí oiliúint a chur ar oifigigh ó thaobh faireachais, rialú galar, bithshlánda agus chomhlíonadh rialacha an Aontais maidir le sláinte ainmhíthe de. Ba cheart ár n-iniúchtaí ar shláinte ainmhíthe leanúint de bheith ina mbonn eolais le haghaidh chur chun feidhme rialacha an Aontais, trí scrogaill, dúshláin agus dea-chleachtais a shainaithe trí iniúchtaí éifeachtacha atá ríthábhachtach chun ceapadh beartas fianaise-bhunaithe agus cinnteoireacht eolasach a áirithiú.

Is trí dhlúthchomhar leis na Ballstáit agus comhordú eatarthu agus trí na modhanna sin amháin a dhéanfaimid leathadh galar ainmhíthe ar fud an Aontais a chosc. Tá ról lárnach ag an mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhíthe, Bia agus Beatha agus ag an líonra de Phríomhoifigigh Thréidliachta sa phróiseas seo. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé freisin le dlúthchomhordú a dhéanamh le príomhchomhlachtaí idirnáisiúnta a leagann síos caighdeán, mar shampla an Eagraíocht Domhanda um Shláinte Ainmhíthe. Déanfaidh mé cur chuige domhanda agus réigiúnach níos leithne a threisiú sa chomhrac i gcoinne galair ainmhíthe, trí bheith ag obair i gcomhar le tíortha comharsanachta tríd an gCreat Domhanda um Ghalair Thrasteorann Ainmhíthe agus trínár dtionscadail fothaithe acmhainneachta réigiúnacha sna Balcáin Thiar. Maidir le sábháilteacht bia, leanfaidh mé de chur chun feidhme iomlán chreat dlíthiúil an Aontais a áirithiú chun teagmhais bhia-iompartha a chosc agus a bhainistiú, ag tógáil ar an taithí a fuarthas ó éigeandálaí roimhe seo.

Uirlis ríthábhachtach is ea vacsaíní sábháilte éifeachtacha a bheith ar fáil chun ráigeanna de mhórghalair ainmhíthe a chosc agus a rialú. Le blianta beaga anuas, tá níos mó ná EUR 20 milliún tiomnaithe ag an gCoimisiún chun taighde ar vacsaíní in aghaidh fhiabhras Afracach na muc a chistiú. Cinntoidh mé go leanfaidh an Coimisiún de na vacsaíní is gá a chur ar fáil do na Ballstáit agus do thíortha lasmuigh den Aontas trí stór vacsaíní ainmhíthe an Aontais, ar uirlis ríthábhachtach é don bhainistíocht agus don fhreagairt. Agus cinneadh á dhéanamh ag na Ballstáit éanlaith chlóis a vacsaíniú, ní mór dóibh na bearta atá i bhfeidhm ar leibhéal an Aontais a leanúint, agus sin a dhéanamh i gcomhréir le caighdeán idirnáisiúnta freisin, chun a áirithiú go mbainfear an úsáid is éifeachtaí as vacsaíní chun an galar a chosc agus a rialú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé tacaíocht do na Ballstáit atá ag vacsaíniú in aghaidh an fhliú éanúil, ionas nach gcaillfidh siad rochtain ar mhargaí.

*8. Is é infhaighteacht roghanna malartacha atá éifeachtach agus inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de an phríomhthoisce maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí ceimiceacha a laghdú. Conas a chuirfeá feabhas ar údarú rialaithe bhítheolaíoch agus ar chur chun feidhme an bhainistíthe chomhtháite lotnaidí? Mar Choimisinéir ainmhíthe, cén chaoi a ndéanfaí forbairt bithlotnaidicídí a spreagadh, faireachán a dhéanamh ar a n-éifeachtacht agus a n-úsáid a spreagadh? An gceapann tú gur cheart oibreáin rialaithe bhítheolaíoch a bheith faoi réir nósanna imeachta meara údarúcháin? Ar bhealach ginearálta, an gceapann tú gur gá dlús a chur leis na nósanna imeachta údaraithe le haghaidh substaintí gníomhacha a úsáidtear i monarú táirgí cosanta plandaí? Cén chaoi a bhfuil sé i gceist agat cur i gcoinne an riosca go rithfidh an Eoraip amach as táirgí éifeachtacha chun galair plandaí a chomhrac – go háirithe ós rud é go bhfuil lotnaidí nua ag teacht chun cinn i réigiúin áirithe i gcomhthéacs an athraithe aeráide? Cén chaoi a n-áiritheofaí go leanfaidh an tAontas de bheith tarraingteach don infheistíocht sa réimse sin? Cad iad do thuairimí maidir le nós imeachta an Aontais um údarú criosanna le haghaidh táirgí cosanta plandaí?*

Tá sé ríthábhachtach infhaighteacht lotnaidicídí bithéolaíoch agus lotnaidicídí ísealriosca eile a mhéadú chun úsáid lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú. Tá reachtaíocht reatha an Aontais maidir le lotnaidicídí a chur ar an

margadh oiriúnach chun sláinte thomhaltóirí an Aontais a chosaint trína dianchaighdeáin sábháilteachta, mar a léirítear i meastóireacht REFIT 2020. Leis sin tugtar dearbhú nithiúil dár saoránaigh arb é an inní is mó atá orthu an tionchar a bhíonn ag úsáid lotnaidicídí ar shábháilteacht na mbianna a itheann siad.

Measaim, go hoibiachtúil, go bhfuil ceanglais an Aontais fós ar na ceanglais is déine ar domhan agus go gceadaíonn siad substaintí gníomhacha a fhorhreas agus táirgí cosanta plandaí a údarú i gcomhréir leis an eolaíocht is déanaí. Sa lá atá inniu ann, tá toirmeasc ar go leor substaintí gníomhacha a bhí ar an margadh go luath sna nóchaidí – tráth a achtaíodh an chéad reachtaíocht AE maidir le lotnaidicídí – toisc nach gcomhlíonann siad ár gceanglais dhiana sábháilteachta maidir le cosaint na sláinte agus an chomhshaoil. San am céanna, tá sruth seasta de shubstaintí gníomhacha nuafhorbartha ag a bhfuil airíonna feabhsaithe ag teacht ar an margadh. Léiríonn sé sin go bhfuil an tAontas fós ina áit tharraingteach don nuálaíocht agus don fhorbairt i gcosaint plandaí agus tugann sé dearbhú go leanfaidh cuideachtaí de tháirgí nua a thabhairt chun margadh an Aontais.

Go sonrach, faoin reachtaíocht atá ann cheana, tá méadú 125 % tagtha ar infhaighteacht oibreán rialaithe bhithleolaíoch agus substaintí ísealriosca le deich mbliana anuas. Baineann thart ar leath de na hiarratais ar fhorhreas substaintí gníomhacha nua le bithlotnaidicídí. Leis na bearta a glacadh le déanaí, simplíodh na ceanglais sonraí agus modhanna measúnaithe le haghaidh lotnaidicídí a bhfuil miocrorgánaigh iontu, rud a comhlánaíodh le treoraíocht shonrach le haghaidh substaintí bithrialaithe eile ar nós eastóscáin plandaí agus fearamóin chun é a dhéanamh níos éasca d'iarratasóirí a sainchomhaid a thiomsú agus do mheasúiní riosca athbhreithniú a dhéanamh orthu.

Is eol dom go gcuireann moilleanna ar nósanna imeachta formheasa bac ar rochtain ar an margadh i gcás bithlotnaidicídí nuálacha. Is é is cúis leis sin, i bpáirt, go bhfuil an saineolas ar mheasúnú riosca le haghaidh bithlotnaidicídí i mbun forbartha go fóill i roinnt Ballstát agus ag an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, táim tiomanta leanúint de na hiarrachtaí saineolas agus acmhainní na mBallstát a mhéadú, agus údarais náisiúnta a spreagadh chun tosaíocht a thabhairt don mheasúnú riosca ar bithlotnaidicídí. Tá iarratasóirí féideartha i dteideal comhairle a fháil sula gcuirfear sainchomhaid iarratais isteach - iarrfaidh mé ar na Ballstáit a bheith aireach ar riachtanais ar leith FBManna maidir le sainchomhaid iarratais a ullmhú agus rannpháirtíocht EFSA i gcruinnithe réamhaighneachta le hiarratasóirí a mhéadú, rud a d'fhéadfadh tionchar dearfach a imirt ar cháilíocht na sainchomhad, measúnú riosca na mBallstát ina dhiaidh sin a éascú agus deacrachtaí a laghdú le linn an athbhreithnithe píaráí ar mheasúnú riosca na mBallstát a ndéanann EFSA maoirseacht air.

Tá nós imeachta mear um údarú le haghaidh táirgí cosanta plandaí ísealriosca, ar nós bithlotnaidicídí, leagtha amach cheana féin sa Rialachán reatha maidir le Táirgí Cosanta Plandaí, ach ní bhaintear úsáid leordhóthanach as. Ar an gcaoi chéanna, ní bhaineann na Ballstáit go leor úsáide as aitheantas frithpháirteach na n-údaruithe táirgí agus na n-údaruithe criosanna dá bhforáiltear sa Rialachán. Ba rogha chomhfhiosach de chuid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle í, agus an Rialachán á ghlacadh acu, an fhreagracht as údarú táirgí cosanta plandaí a fhágáil faoi na Ballstáit, agus ní dhéantar ach substaintí gníomhacha a fhorhreas ar leibhéal an Aontais. Leis an gcur chuige sin is féidir leis na Ballstáit údarú lotnaidicídí aonair a mheas bunaithe ar chás na hagraí-éiceolaíocha atá ag athrú ina geríocha féin, rud a chloíonn le príonsabal na coimhdeachta. Mar sin féin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé ar aghaidh agus cuirfidh mé dlús, ar ndóigh, leis na hiarrachtaí atá á ndéanamh ag an gCoimisiún chun cuidiú leis na Ballstáit maidir le húdarú táirgí, aitheantas frithpháirteach agus comhar criosach.

Le huirlisí digiteacha agus teicnící beachta leata, tá acmhainneacht shuntasach ann na rioscaí a bhaineann le húsáid lotnaidicídí a mhaolú freisin, trí na cainníochtaí is gá chun barra a chosaint a laghdú. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé i dtreo na teicneolaíochtaí sin a chur leis an próiseas measúnaithe riosca ionas go ndéanfar iad a mheas go hiomlán sula ndéanfar cinntí maidir le lotnaidicídí a fhorhreas. Chomh maith le borradh a chur faoin nuálaíocht agus nuachóiriú a dhéanamh ar an trealamh a úsáidtear chun lotnaidicídí a leathadh, beidh feirmeoirí in ann 'breis a bhaint as beagán' agus airgead a shábháil. Tá sé beartaithe agam oibriú leis an gCoimisinéir um an Talmhaíocht agus Bia chun tacú le hiarrachtaí cuidiú leis na feirmeoirí san aistriú seo i dtreo teicnící digiteacha agus beachta. Tuigim go rímhaith gur cuid ríthábhachtach de bhosca uirlisí na bhfeirmeoirí iad na lotnaidicídí chun a mbarra a chosaint agus, i gcás inarb iomchuí, tá sé beartaithe agam machnamh an-chúramach a dhéanamh ar infhaighteacht roghanna malartacha i gcomhthéacs an phróisis cinnteoireachta maidir le formheas lotnaidicídí a athnuachan.

Ina theannta sin, tá sé tábhachtach cleachtas maidir le cosaint barr a threisiú chun an gá atá le lotnaidicídí ceimiceacha a laghdú, mar shampla Bainistíú Comhtháite Lotnaidí. Tionscnamh spéisiúil a bheadh ann na Ballstáit agus páirtithe leasmhara eile a thabhairt le chéile chun féachaint ar conas feabhas a chur ar chur chun feidhme na Treorach maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Lotnaidicídí, faoi chuimsiú ceann de na hidirphléití maidir le cur chun

feidhme atá beartaithe faoi na sainchúraimí seo. Chomh maith le hidirphlé le páirtithe leasmhara, déanfar rialuithe ar na Ballstáit ón mbliain seo chugainn ar aghaidh chun an chaoi a bhfuil an Treoir á cur chun feidhme ar an láthair a fhíorú. Is éard atá beartaithe agam leanúint den idirphlé le páirtithe leasmhara agus athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na rialuithe atá beartaithe sula ndéanfaidh mé cinneadh maidir leis an mbealach is fearr chun cinn.

#### Ceist ón gCoiste um Thionsclaíocht, um Thaighde agus um Fhuinneamh

*9. Cad iad na bearta nithiúla atá beartaithe agat chun slabhraí soláthair a éagsúlú tuilleadh agus borradh a chur faoi iomaíochas na hearnála sláinte? Cén chaoi a bhfuil sé beartaithe agat aghaidh a thabhairt ar an nganntanas mór cógas agus feistí leighis i gcomhthéacs an Ghnímh um Chógais Chriticiúla? Cad iad na gníomhaíochtaí breise a mholfaidh tú chun infhaighteacht agus iomaíochas feistí leighis a áirithiú? Cad iad na bearta, dar leat, ba cheart a chur san áireamh sa Ghníomh nua Eorpach um an mBith-theicneolaíocht agus sa phlean gníomhaíochta Eorpach um chibearshlándaíl ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte? Cén chaoi a bhfuil sé d'aidhm agat an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a chur i gcrích?*

Tá tionscal sláinte atá láidir agus iomaíoch ríthábhachtach dár gcórais cúraim sláinte agus chun freagairt do riachtanais na n-othar. Tá earnáil cógaisíochta an Aontais ag brath ar bhonn láidir monaraíochta, ina bhfostaítear 937 000 duine go díreach agus ina bhforbraítear saineolas eolaíoch agus taighde. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, oibreoidh mé chun iomaíochas earnáil cógaisíochta an Aontais a neartú, go háirithe trí bheith ag obair leis na comhreachtóirí chun athchóiriú uailmhianach cógaisíochta a chur i gcrích, rud a chuimseoidh nósanna imeachta um údarú atá níos giorra agus simplithe, tacaíocht rialála do chuideachtaí a fhorbraíonn cógais nua – go háirithe FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta – agus tacaíocht do chineálacha cur chuige nua ar nós boscaí gainimh rialála.

Is ábhar mór inní iad na ganntanais cógas criticiúil, rud atá aitheanta ag Parlaimint na hEorpa ó bhí 2020 ann. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé ar aghaidh leis an gcur chuige a leagtar amach i dTeachtaireacht 2023 ón gCoimisiún dar teideal 'Aghaidh a thabhairt ar ghanntanais cógas san Aontas'. Is é an phríomhthosaíocht a bheidh agam i ndáil leis sin tacú leis na comhreachtóirí an athchóiriú ar an reachtaíocht cógaisíochta a ghlacadh. Moltar san athchóiriú sin go gcuirfeadh cuideachtaí pleananna coiscithe ganntanas le chéile, moltar rabhadh níos luaithe maidir le ganntanais agus aistarraingtí agus comhordú níos láidre san Aontas, agus chomh maith leis sin go leagfaí amach conas cógais a shainaithint a mheasfar a bheith criticiúil san Aontas. Tabharfaidh mé liosta an Aontais de chógais chriticiúla cothrom le dáta agus breathnóidh mé ar bhealaí inar féidir linn aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin tríd an soláthar poiblí.

Mar a luaitear go mion faoi cheist 3, má dheimhnítear m'ainmniúchán, comhlánóidh mé na bearta san athchóiriú cógaisíochta trí na hullmhúcháin le haghaidh Gníomh um Chógais Chriticiúla a thabhairt chun cinn, chun cur chuige comhordaithe agus slán a chur ar fáil chun dul i ngleic le ganntanais thromchúiseacha cógas criticiúil, agus moltaí an Chomhaontais um Tháirgí Íocshláinte Criticiúla á gcur san áireamh.

Tá an earnáil feistí leighis ar cheann de na hearnálacha is ilghnéithí agus is nuálaí san Aontas, agus tá níos mó ná 37,000 cuideachta teicneolaíochta leighis ann – ar fiontair bheaga agus mheánmhéide 95 % díobh – agus fostaíonn siad níos mó ná 695,000 duine. Bhí an t-aistriú chuig creat rialála nua an Aontais a glacadh in 2017 níos dúshlánaí ná mar a bhíodas ag súil leis. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé mar thosaíocht agam an mheastóireacht spriocdhírthe leanúnach ar na rialacháin reatha a thabhairt chun críche agus fianaise a bhailiú maidir leis an gá atá le hathruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an reachtaíocht, agus rún Parlaimint na hEorpa na bliana seo caite á chur san áireamh. Bheadh sé d'aidhm agam tacú leis an nuálaíocht agus infhaighteacht feistí a chosaint chun cúram othar ar ardchaighdeán a áirithiú, lena n-áirítear feistí dílleachta atá dírithe ar phobail bheaga othar. Díreoidh mé ar an intuarthacht a fheabhsú agus féachfaidh mé ar an ngá atá le costais agus ualaí riaracháin a laghdú, go háirithe ar FBManna.

Mar a mhínigh mé freisin i mo fhreagra faoi cheist 3, má dheimhnítear m'ainmniúchán, beidh sé ar cheann de mo phríomhthosaíochtaí Gníomh uailmhianach um an mBith-theicneolaíocht a thabhairt chun cinn, a bheidh nasctha le Straitéis níos leithne um Eolaíochtaí Beatha na hEorpa chun earnáil bith-theicneolaíochta an Aontais a athshuí arís mar cheannaire domhanda, ag tógáil freisin ar na moltaí atá leagtha amach ag an Ollamh Draghi. Leis an nGníomh um an mBith-theicneolaíocht a bheidh ann amach anseo, chuirfí borradh faoin taighde agus faoin nuálaíocht trí infheistíocht a spreagadh i réimsí straitéiseacha, ar nós forbairt chliniciúil agus teicneolaíochtaí táirgthe nua, lena n-áirítear le haghaidh cógais bhith-eolaíoch. D'fhéadfadh sé féachaint ar conas cuidiú le cuideachtaí bithnuálacha i gcoitinne, ach féachaint freisin ar nósanna imeachta rialála a shimpliú tuilleadh in earnálacha áirithe, an earnáil sláinte san áireamh ar ndóigh. Réimse eile a bheadh le fiosrú is ea rochtain ar an intleacht shaorga agus ar mhórshonraí, chomh maith le forbairt scileanna. Ba cheart dúinn aird ar leith a thabhairt



ar FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus seach-chuideachtaí, atá ina bpríomhspreagthóirí don nuálaíocht sa bhith-theicneolaíocht, ach a bhíonn ag streachailt go minic le méadú agus le taighde a thabhairt chuig céim na margaióchta san Eoraip.

Oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas ar phlean gníomhaíochta Eorpach um chibearshlándaíl ospidéal agus soláthraithe cúraim sláinte mar ábhar tosaíochta laistigh den chéad 100 lá de thréimhse an tsainordaithe, chun ár n-earnáil cúraim sláinte a chosaint, earnáil ina bhféadfadh cibirionsaí a bheith ina cheist báis nó beatha. Is minice anois ná riamh gur ar chórais sláinte a dhíríonn cibearchoirpigh agus dronganna bogearraí éirice a gcuid ionsaithe. Tá ceann amháin as gach dhá cibirionsaí déag dírithe ar ospidéal agus ar sholáthraithe cúraim sláinte, agus in 54 % de na teagmhais sin úsáideadh bogearraí éirice agus dhírigh 30 % díobh ar shonraí othar. Bíonn tionchar an-tromchúiseach ag ionsaithe den chineál sin ar chórais sláinte – is féidir le hionsaithe den sórt sin cur isteach ar chumas na n-ospidéal cúram a chur ar fáil agus cuireann siad sonraí sláinte pearsanta íogaire i mbaol. Cuirfidh an plan gníomhaíochta leis an gcreat cibearshlándaála atá ann cheana chun cibear-athléimneacht a chothú in ospidéal agus i saoráidí cúraim sláinte. Ní mór do na húdaráis ar gach leibhéal agus don tionscal oibriú le chéile chun feabhas a chur ar bhrath bagairtí, ullmhacht, díspregadh agus freagairt ar ghéarchéimeanna.

Ar deireadh, de thoradh obair na Parlaiminte a rinneadh níos luaithe i mbliana chun a áirithiú gur tugadh an chaibidlíocht faoin Rialachán maidir le Spás Eorpach Sonraí Sláinte chun críche go rathúil, tá tús maith déanta cheana ó thaobh na hoibre a dhéanfar amach anseo. Is cuid riachtanach d'Aontas Sláinte Eorpach é an Spás Eorpach Sonraí Sláinte a éascóidh úsáid ardteicneolaíochtaí, mar shampla an Intleacht Shaorga, chun dul chun tairbhe d'othair, do ghairmithe cúraim sláinte, d'ollscoileanna agus don tionscal, agus an chosaint is airde ar phríobháideachas sonraí othar á háirithiú san am céanna. Anois tá sé in am é a chur i bhfeidhm go hiomlán ar an láthair. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, díreoidh mé ar na gníomhaíochtaí laistigh de shainchúram an Choimisiúin a rolladh amach bunaithe ar an amlíne sa Rialachán, agus na caighdeáin agus na treoirlínte is gá san áireamh, agus díreoidh mé ar a áirithiú go bhforbrófar bonneagair dhigiteacha shlána láidre de chuid an Aontais chun rochtain trasteorann ar shonraí sláinte a éascú agus chun úsáid shlán a bhaint as sonraí sláinte le haghaidh taighde agus ceapadh beartas. Tabharfaidh mé aird ar leith ar an bpríomhthionscnamh seo a chur ar aghaidh go dtí go gcuirfear chun feidhme é.

#### Ceist ón bhFochoiste um Shláinte Phoiblí

*10. Conas a gheallfaidh tú go n-oibreoidh tú ar chúram sláinte coiscitheach mar cheann de na príomhréimsí, lena gcinnteofar cur chuige cuimsitheach maidir le cur chun cinn na sláinte agus galair a chosc ar feadh an tsaoil? I ndáil leis an méid sin, gealladh go leor tograí faoi phlean sáraithe ailse na hEorpa sa sainordú roimhe seo ach ní dhearna an Coimisiún roimhe seo iad a sheachadadh. An bhfuil tú tiomanta do na gníomhaíochtaí agus na spriocanna atá in easnamh a bhaint amach faoin bplean seo, lena n-áirítear, inter alia, athbhreithniú ar an reachtaíocht ábhartha maidir le tobac (lena n-áirítear dul i ngleic le táirgí núíosacha amhail galtoitíní), tograí maidir le lipéadú agus rabhaidh sláinte maidir le táirgí dí alcólaí? Maidir le galair neamhtheagmhálacha eile, an féidir leat na príomhghnéithe a chuirfidh tú chun cinn maidir le cur chuige coiteann sna réimsí sin a chur ar fáil dúinn? An leanfaidh tú de bheith ag díriú ar bhorradh a chur faoin imdhíonadh agus faoin vacsaíníú mar phríomhghnéithe den iarracht sin? Chomh maith leis na bearta a luaitear i do litir mhísín, an féidir leat tuilleadh eolais a thabhairt faoi ghníomhaíochtaí breise a dhéanfaidh tú maidir le cosc i ndáil leis an meabhairshláinte agus cur chun feidhme na straitéise meabhairshláinte? An bhfuil tú tiomanta an t-athbhreithniú ar an Rialachán maidir le Feistí Leighis a chur i gcrích agus conas a áiritheoidh tú inacmhainneacht, infhaighteacht, sábháilteacht agus go ndéanfar ganntanais a chosc?*

Baineann galair neamhtheagmhálacha le beagnach 80 % den ualach galair san Aontas faoi láthair agus is iad is mó is cúis leis an mbásmhaireacht san Aontas. Meastar go dtiocfaidh méadú ar na figiúirí sin ar cúis mhór inní iad, mar gheall ar phatrúin dhéimeagrafacha san Aontas, le daonra atá ag dul in aois go tapa. Laghdaíonn galair den chineál sin cáilíocht saoil daoine, déanann siad difear d'ionchas saoil, déanann siad neamhionannais shóisialta agus eacnamaíochta níos measa, agus bíonn tionchar trom acu ar chórais cúraim sláinte agus ar gheilleagair na mBallstát, agus is iad na galair sin is cúis leis an sciar is mó de chostais cúraim sláinte i dtíortha ECFE.

Tá aird ar leith tugtha ag Parlaimint na hEorpa ar an tsaincheist sin. Aontaím go hiomlán gurb é cosc na ngalar neamhtheagmhálach an bealach is éifeachtaí chun srian a chur lena minicíocht agus chun inbhuanaitheacht fhadtéarmach ár gcóras sláinte a áirithiú. Tá go leor de na tosca sláinte (mar shampla gníomhaíocht coirp nó cothúchán) agus tosca riosca (mar shampla úsáid tobac nó mí-úsáid alcóil) mar an gcéanna i gcásanna éagsúla galar neamhtheagmhálach. Dá bhrí sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, rachaidh mé i ngleic le dúshlán shonracha na ngalar sin le cur chuige trasearnála maidir le cosc ar feadh an tsaoil, ag tógáil ar na gníomhaíochtaí

atá ann cheana maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc. Beidh an cur chuige trasearnála seo ar an mbealach is éifeachtaí chun gníomhaíocht sláinte poiblí atá éifeachtúil agus inbhuanaithe a chur chun cinn.

Ba cheart aghaidh a thabhairt ar ghalair chardashoithíocha a bheith ina ghné mhór den chur chuige trasearnála sin. Is príomhchúis na mortlaíochta agus príomhthoisic na drochshláinte agus an mhíchumais san Aontas iad galair chardashoithíocha: is cúis le níos mó ná leath na mbásanna anabái san Eoraip iad galair chardashoithíocha agus ailse le chéile. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, féachfaidh mé le cur leis an ngníomhaíocht chomhoibriúch atá ann cheana leis na Ballstáit, mar shampla na gníomhaíochtaí comhpháirteacha maidir le galair chardashoithíocha agus diaibéiteas agus féachfaidh mé tuilleadh ar an mbaint atá acu le tosca shláinte, tosca riosca agus galair ainsealacha ar nós an mhurtaill. D'fhéadfaí béim ar leith a leagan ar ghalair chardashoithíocha a chosc agus a bhrath go luath. Chun é sin a dhéanamh, trí leas iomlán a bhaint as réitigh sláinte dhigiteacha, ar nós na hintleachta saorga, chuideofaí le hothair an Aontais tairbhe a bhaint as an teicneolaíocht is déanaí ó thaobh diagnóisic bheacht agus cóireáil bheacht de.

Laistigh den chreat sin, má dheimhnítear m'ainmniúchán, cuirfidh mé dlús le cur chun feidhme Phlean Sáraithe Ailse na hEorpa. Tá comhrac na hailse fós ar cheann de na dúshláin is mó dár linne, mar a léirigh Parlaimint na hEorpa arís sa rún uaithe in 2022. Go dtí seo, tá níos mó ná 90 % de na gníomhartha sa Phlean Ailse curtha i bhfeidhm nó tá siad ar siúl faoi láthair. Ach ní mór leanúint den obair, in éineacht libhse, leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara chun an plean agus na gníomhaíochtaí an-uailmhianach a bhaineann leis a chur chun feidhme. Ba cheart an 5ú heagrán den Chód Eorpach in aghaidh na hAilse a thabhairt chun críche an bhliain seo chugainn, rud a chuirfidh ar a gcumas do dhaoine a riosca aonair ailse a laghdú, agus is é Lónra an Aontais d'Ionaid Chuimsitheacha Náisiúnta Ailse an chéad chéim eile a bheidh ann, rud a nascfaidh 100 struchtúr ildisciplíneach chun gach gné de chúram ailse, de thaighde agus d'oiliúint speisialaithe leighis a bhainistiú faoi 2028. Thairis sin, idir 2026 agus 2028, tá sé beartaithe treoirínte agus scéimeanna dearbhaithe cáilíochta le haghaidh cúram ailse scamhóg, próstataigh agus gastráí a bheith ar fáil chun tacú leis na Ballstáit modhanna scagthástála nua a chur chun feidhme, rud a chuirfidh brath níos luaithe ar fáil chun beatha daoine a shábháil.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, bheadh athbhreithniú ar an reachtaíocht rialaithe tobac mar chuid de mo chuid oibre chun cur chuige cuimsitheach a chur chun tosaigh maidir leis an tsláinte a chur chun cinn agus galair a chosc, ar bhonn na meastóireachta leanúnaí, agus mar a thacaigh Parlaimint na hEorpa leis in 2022. Ceann de na pointí fócais don mheastóireacht leanúnach is ea úsáid tobac agus táirgí gaolmhara atá ag teacht chun cinn, ar nós toitíní leictreonacha, agus andúil nicitín. Tá sé sin ríthábhachtach chun cosaint níos fearr a thabhairt do leanaí, do dhaoine óga agus do shaoránaigh i gcoitinne ar éifeachtaí diúltacha na dtáirgí sin. Tá sé de rún agam freisin tacú le cur chun feidhme an Mholta atá beartaithe maidir le Timpeallachtaí atá Saor ó Thobac agus ó Aerasóil, a luaithe a ghlacfaidh an Chomhairle é. Ar bhonn níos ginearálta, creidim gur gá dúinn machnamh a dhéanamh ar conas an scéal faoi thosca riosca, lena n-áirítear alcól, agus tosca eacnamaíocha na sláinte, a athrú. Is féidir le dearcthaí sóisialta a bheith ina bpríomhspreagadh don athrú.

Tá vacsaíniú ar cheann de na bearta coisctheacha is éifeachtaí agus is costéifeachtúla. Má dheimhnítear m'ainmniúchán, laistigh de theorainn inniúlachtaí an Aontais, déanfaidh mé bearta chun mífhaisnéis agus drogall roimh vacsaíní a chomhrac, chun faireachán a dhéanamh ar chumhdach vacsaínithe sna Ballstáit, chun tacú le feachtais vacsaínithe agus chun cuidiú leis na Ballstáit ráigeanna galair a d'fhéadfadh a theacht chun cinn a rialú. Féachfaidh mé ar bhealaí chun cuidiú leis na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúracha ar vacsaíniú, idir chostais a laghdú agus rochtain ar vacsaíní a mhéadú, aghaidh a thabhairt ar bhacainní riaracháin agus úsáid clárlann leictreonach a chur chun cinn. Mar shampla, leis an Moladh ón gComhairle a glacadh le déanaí maidir le hailsí inchoiscthe trí vacsaíniú, cuideofar leis na Ballstáit borradh a chur faoi ghlacadh vacsaíní in aghaidh papalómaivírís dhaonna i measc cailíní agus buachaillí agus in aghaidh víreas Heipítíteas B i measc grúpaí daonra atá buailte. D'fhéadfaí fíordhifriúcht a dhéanamh dá gcuirfí an Moladh sin chun feidhme.

Má dheimhnítear m'ainmniúchán, leanfaidh mé den obair ar an meabhairshláinte a dhéanamh freisin, réimse atá an-tábhachtach dár saoránaigh. Fiú roimh phaindéim COVID-19, rinne fadhbanna meabhairshláinte difear do thart ar dhuine as gach seisear san Aontas, ar chostas measta EUR 600 billiún, is é sin níos mó ná 4 % dár n-olltáirgeacht intíre. Tá sé aitheanta ag Parlaimint na hEorpa gur riachtanas sóisialta agus eacnamaíoch araon é an mheabhairshláinte níos fearr, agus tá sé beartaithe agam na bearta a leagtar amach i dTeachtaireacht 2023 maidir le cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte a thabhairt chun cinn. Leagadh amach 20 tionscnamh suaitheanta agus tá a gcur chun feidhme idir lámha nó curtha i gcrích cheana féin, ach ní mór dúinn leanúint de bheith ag obair leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara. Tá béim an-láidir ag an cur chuige cuimsitheach i leith na meabhairshláinte ar leanaí agus ar dhaoine óga, grúpaí a bhfuil neamhoird mheabhairshláinte ag dul i bhfeidhm orthu níos mó agus níos mó: in 2021, bhí fadhb mheabhairshláinte ag duine as gach cúigear ógánach. Cé gur léir go bhfuil buntáistí ollmhóra ag baint leis an aistriú digiteach, ní féidir linn a bheith dall ar na

míbhuntáistí a bhaineann leis: tá gá againn le spás digiteach atá níos sábháilte agus níos sláintiúla do leanaí, a thabharfaidh aghaidh ar na rioscaí a bhaineann leis an iomarca ama a chaitheamh ar líne agus úsáid iomarcach a bhaint as na meáin shóisialta, ar rochtain ar ábhar neamhdhleathach nó mí-oiriúnach agus ar an gcibearbhulaíocht. Sna Treoirínte Polaitiúla, leagadh béim ar an réimse sin. Oibreoidh mé leis an Leas-Uachtarán Feidhmiúcháin um Cheannasacht Teicneolaíochta, Slándáil agus an Daonlathas, leis an gCoimisinéir um Chomhionannas agus leis an gCoimisinéir um Chothroime Idirghlúine, um an Óige agus um Chultúr agus Spórt agus stiúrfaidh mé fiosrúchán uile-Aontais maidir le tionchar níos leithne na meán sóisialta ar fholláine daoine, le béim ar leith ar leanaí agus daoine óga. Tá bonn láidir fianaise ag teastáil ar ar féidir díospóireacht a bhunú: tá tús curtha le hobair freisin ar shraith straitéisí coisc do leanaí a chuideoidh le tionchar an ama scáileáin agus na meán sóisialta a mhapáil agus chun aghaidh a thabhairt air.

Mar a shonraigh mé i mo fhreagraí ar cheisteanna 9 agus 3, má dheimhnítear m'ainmniúchán, tabharfaidh mé tús áite don mheastóireacht leanúnach ar an gcreat rialála maidir le feistí leighis agus breithneoidh mé athruithe reachtacha a d'fhéadfaí a dhéanamh chun a áirithiú go dtacóidh an creat le nuálaíocht agus le hinfhaighteacht feistí chun cúram othar ar ardchaighdeán a chosaint, lena n-áirítear cúram leanaí. Sa chomhthéacs sin, féachfaidh mé ar an ngá atá le costais agus ualaí riaracháin a laghdú, go háirithe ar FBManna.